



# Doiciméad Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí



# An Clár Ábhar

1. An Réamhrá	5
2. Corpoideachas sa tsraith shóisearach	6
2.1 Réamhrá:	6
2.2 Léargas ar Shiollabas Corpoideachais 2003 na Sraithe Sóisearaí	7
2.3 Léargas ar ghearrchúrsa Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí (2016)	9
2.4 Corpoideachas agus an Creat don tSraith Shóisearach	10
3. Tacú leis an bhfoghlaim sa chorpoidéachas agus í a chur chun cinn	15
3.1 Corpoideachas sa bhunscoil	15
3.2 Corpoideachas sa tsraith shinsearach	16
3.3 Tacaíochtaí agus tionscnaimh don chorpoidéachas	19
4. Curaclam idirnáisiúnta don chorpoidéachas	22
4.1 An curaclam san Astráil	22
4.2 An Curaclam in Ontario	24
4.3 An Curaclam in Albain	26
5. Athbhreithniú ar Ghearrchúrsa Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí	29
5.1 Réamhrá:	29
5.2 An próiseas comhairliúcháin	29
5.3 Torthaí an athbhreithnithe	30
6. Conclúid	39
7. Sonraíochtaí sa tsraith shóisearach	40
8. Páipéar treorach le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt an chorpoidéachais sa tsraith shóisearach	42
Tagairtí	44
Aguisín A	47
Aguisín B	49
Aguisín C:	51



# 1. An Réamhrá

Folaítear réimse nua foghlama ar a dtugtar Folláine sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015). Is iad Corpoideachas; Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP); Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS); agus foghlaim a bhaineann le treoir na crainn taca ar a dtógfar clár Folláine scoile.

Ag tosú in 2021 ba cheart go mbeadh 400 uair an chloig foghlama, a bhaineann le Folláine, mar chuid d'eispéireas an scoláire i gcaitheamh thrí bliana na sraithe sóisearaí. Dáiltear íostairseach 135 uair an chloig ar an gCorpoideachas a bheidh mar chuid d'eispéireas an scoláire i gcaitheamh trí bliana na sraithe sóisearaí (ROS, 2019). I láthair na huaire, tá ceithre rogha ar fáil chun bonn eolais a chur faoi sholáthair an Chorpoideachais. Féadfaidh an scoil meascán de na roghanna seo phiocadh:

- an tsonraíocht do ghearrchúrsa Corpoideachais CNCM (100 uair an chloig)
- gearrchúrsa Corpoideachais (100 uair an chloig) a dearadh sa scoil nó go seachtrach ag baint úsáid as teimpléad agus treoirlínte CNCM chun gearrchúrsa a fhorbairt agus a scríobh.
- clár/módúil/aonaid Corpoideachais eile a forbraíodh ag baint úsáid as Aguisín I ó na Treoirlínte le hAghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (CNCM, 2017)
- Siollabas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí (2003).

Tugtar cúlra agus comhthéacs sa pháipéar seo d'fhorbairt mholta cúrsa 135 uair do Chorpoideachas na sraithe sóisearaí. Cuimsítear athbhreithniú ar na léargais luatha ar chur i bhfeidhm gearrchúrsa Corpoideachais na sraithe sóisearaí sa pháipéar seo. Cuirtear tús leis trí léargas ar an eispéireas corpoideachais sa tsraith shóisearach a chur i láthair agus féachtar ar dhul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach. Déantar meas ar roinnt dearthaí idirnáisiúnta ar nádúr an chorpoideachais i ndlínsí eile. Cuirtear críoch leis an bpáipéar le treoir mholta d'fhorbairt shonraíocht chorpoideachais na sraithe sóisearaí.

## 2. Corpoideachas sa tsraith shóisearach

Leagtar amach comhthéacs curaclaim don Chorroideachas sa tsraith shóisearach sa chuid seo. Cuirtear léargas ghairid ar stair agus ar fhorbairt an ábhair mar chuid den churaclam in Éirinn san áireamh ann. Déantar cur síos ar an dá fhorbairt churaclaim is déanaí i gcorpoideachas na sraithe sóisearaí: siollabas corpoideachais na sraithe sóisearaí (2003) agus an gearrchúrsa corpoideachais (2016). Chomh maith leis sin, déantar achoimre ar na roghanna curaclaim do shocrú amchláir an chorroideachais sa chomhthéacs reatha.

### 2.1 Réamhrá

Tréimhse ab ea na 1960idí agus na 1970idí inar tharla athruithe suntasacha i gcóras oideachais na hÉireann. Chuir tús le hoideachas dara leibhéal saor in aisce ar chumas níos mó scoláirí freastal ar iarbhunscoileanna. Leathnaíodh na curaclaim bunscoile agus iar-bhunscoile agus bhí béim níos mó ar chorroideachas san áireamh leis seo. Aithníodh chorroideachas go foirmeálta mar ábhar i scoileanna dara leibhéal in 1973 agus áiríodh é in *Rialacha agus Clár do leith na Meánscoileanna* (1973).

Roimh 1973 ní raibh aon siollabas sonrach ná treoirlínte ar fáil don chorroideachas in iarbhunscoileanna. Chomhairligh an Roinn Oideachais gur cheart do scoileanna foráil a dhéanamh do mhúineadh an chorroideachais agus/nó cluichí agus lúthchleasaíocht eagraithe. Dhá thoisc a chur le forbairt an churaclaim chorroideachais ná bunú Chumann Chorroideachais na hÉireann (PEAI) in 1968 agus Coláiste Náisiúnta an Chorroideachais (NCPE) in 1973. Athainmníodh NCPE mar Choláiste Oideachais Thuamhumhan in 1975 agus comhcheanglaíodh é le Ohllscoil Luimnigh ina dhiaidh sin in 1991.

Leag siollabas 1973 cur chuige níos foirmeálta i leith an chorroideachais amach agus áiríodh ráitis faoi luach an chorroideachais ann. Mar sin féin, ní raibh sonraí ann maidir leis an méid ar cheart a chlúdach mar chuid den chlár scoile.

I gcodarsnacht leis sin, chuir an siollabas a lean é in 1987 struchtúr soiléir ar fáil d'fhorbairt eolais agus scileanna na ndaltaí ag leibhéal iar-bhunscoile. Léiríodh dul chun cinn suntasach ann sa smaoineamh maidir le soláthar chorroideachais agus aithníodh an tábhacht a bhain le cluichí ciceála agus buailte mar chuid den chultúr náisiúnta. Áiríodh treoirlínte agus struchtúr níos sonraí i gcomhair forbairt eolais agus scileanna a bhain le chorroideachas i siollabas 1987:

*Leag siollabas 1973 amach an gá a bhí le corpoideachas chun cur le forbairt mhórálach, mhothúchánach, aeistéitice agus shóisialta an scoláire. Chuir cáipéis 1987 béim níos lú ar na saincheisteanna seo, agus béim i bhfad níos láidre ar ghnéithe fisiciúla an oideachais. Áiríodh leis seo léirtheiscint a bheith ag an scoláire ar gach cineál gníomhaíochta coirp agus forbairt íomhá choirp aibí. D'fhéadfadh gur ag freagairt don mhéadú in atmaisféar na muiníne laistigh den ghairm faoi fhiúntas an ábhair ann féin a bhí an t-athrú sin, i gcomhthéacs dearcadh ar an bpróiseas oideachas a bhí ag forbairt. (Duffy 1997, lch 195 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe)*

Príomhfhorbairt eile ó shiollabas 1987 ná gur sonraíodh gur cheart do shainmhúinteoir corpoideachais an clár a sholáthar (ROS, Rialacha agus Clár, 1987).

Bhí díospóireacht bhríomhar ó pháirtithe leasmhara an chorpoideachais sna blianta ina dhiaidh sin ar stádas agus cur i bhfeidhm an chorpoideachais san oideachas iar-bhunscoile. A oiread ar baineadh amach an siollabas ar an iomlán i ndáiríe i scoileanna a bhí mar chroílár na díospóireachta. De réir Duffy (1997), 'mar gheall ar nádúr neamh-éigeantach an ábhair, leithdháileadh ama róbheag, patrúin fostaíochta múinteoirí agus áiseanna a bhí difriúil ó áit go háit, ba bheag agus ba bhearnach tionchar na siollabas den chuid is mó'. Bunaíodh coiste cúrsaí CNCM in 1994 chun comhairle a thabhairt ar struchtúr agus ar inneachar siollabais athbhreithnithe, a raibh forbairt shiollabas 2003 na sraithe sóisearaí mar thoradh air.

Chur siollabas 2003 athrú ón gcur chuige a bhíodh ann chun siúil. Rinneadh cur síos ar chur chuige múinteoireachta, foghlama agus measúnaithe ann a bhí dírithe ar níos mó ná an fhoghlaim scilbhunaithe. Coimeádadh struchtúr gníomhaíochtaí 1987 i siollabas 2003 le mionathrú amháin: Feictear 'Corpacmhainn' agus 'Oideachas Sláinte' mar 'Gníomhaíocht Shláintiúil'. Cuireadh cur chuige iomlánaíoch fairsing i leith an chorpoideachais chun cinn:

*Cuireann an corpoideachas cur chuige uileghabhálach i bhfeidhm ar choincheap na gníomhaíochta corpartha do dhaoine óga. Aithníonn sé gnéithe corpartha, intinne, mothúchánacha agus sóisialta na luaile daonna, agus leagann sé béim ar chion na gníomhaíochta corpartha i gcur chun cinn an leasa indibhidiúil agus grúpa. (ROS, An tSraith Shóisearach: Corpoideachas, 2003, lch 4)*

Cuireadh an siollabas amach ar bhonn phiólótach le 100 scoil sular cuireadh amach é go náisiúnta agus thacaigh foireann forbartha corpoideachais leis.

## 2.2 Léargas ar Shiollabas Corpoideachais 2003 na

### Sraithe Sóisearaí

Is cáipéis tagartha a bhfuil meas air é siollabas 2003 chun clár corpoideachais leathan cothrom a phleanáil agus baintear úsáid forleathan as go fóill chun bonn eolais a chur faoi chorpoideachas na sraithe sóisearaí i scoileanna sa lá atá inniu ann. Leagadh an siollabas amach bunaithe ar sheacht réimse gníomhaíochta praiticiúla, a dtugtar ‘Topaicí’ orthu sa cháipéis. Briseadh na Topaicí síos ina scileanna ar leith le tacar bunphrionsabal a chuaigh le gach Topaic chun forbairt iomlánaíoch a chur chun cinn.

Tugadh breac-chuntas ar na Topaicí sa siollabas mar atá leagtha amach thíos:

Gníomhaíochtaí eachtraíochta	Oiliúint uisce	Lúthchleasaíocht	Damhsa	Cluichí ionartha	Gleacaíocht	Gníomhaíocht Shláintiúil
Treodóireacht	Iontráil	Léimneach	Bunghnímh	Cluichí a chumadh	Téamaí	An ghníomhaíocht agus an cholainn
Dúshlán foirne	Luail san uisce	Rith	Caighdeán na luaile	Imirt ionsaitheach	Focalstór na luailí	Folláine choirp
Ceird na campála	Folláine uisce	Caitheamh	Caidrimh	Imirt chosantach	Fócas cáilíochta	Traenáil
	Sábháilteacht uisce		Damhsa a chruthú		Caidrimh	Gníomhaíocht saoil

Fíor 1. Topaicí ó Shiollabas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí (2003)

### Measúnú i Siollabas Corpoideachais 2003 na Sraithe Sóisearaí

Dúradh i siollabas corpoideachais 2003 go gcuireann na modhanna agus bealaí measúnaithe a úsáidtear i gcorpoideachas go díreach le forbairt fhoirmitheach an fhoghlaimora agus gur cheart go mbeadh na modhanna a úsáidtear ag teacht le nádúr praiticiúil an chorpoideachais ag an leibhéal sin. Moladh an méid seo a leanas sa siollabas:

*Chun a bhfuil déanta ag na mic léinn a thairfead ar feadh tréimhse na sraithe sóisearaí, moltar an t-ábhar measúnaithe ar fad a thiomsú agus a stóráil i bPunann an Mhic léinn. Beidh fianaise measúnaithe sa phunann ó na gnáis mheasúnaithe a bhfuil cuntas orthu thíos. Ba cheart eolas a bheith tugtha ann i bhfoirmeacha eile faoina bhfuil déanta agus bainte amach, agus an méid sin ina chomhaontú idir an mac léinn agus an múinteoir.*

*Soláthróidh an punann faisnéis úsáideach don mhúinteoir, don scoil agus do na tuismitheoirí, ach i ndeireadh thiar is é an mac léinn is mó a bhainfidh tairbhe as mar thairfead ar a bhfuil curtha i gcrích aige/aici féin go pearsanta. Ba cheart é a úsáid ach go háirithe mar ghléas i gcomhair measúnú foirmitheach ar dhul chun cinn an mhic léinn. (ROS, An tSraith Shóisearach: Corpoideachas, 2003, lch 56)*



Bhí neamhspleáchas ag scoileanna cinneadh a dhéanamh ar an tslí is fearr le tuairisciú a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil. Bíodh agus gur úsáid múinteoirí réimse modhanna difriúla ar nós breathnú, measúnú foirmeálta agus piarmheasúnú chun foghlaim an scoláire a mheas, níorbh ionann an cleachtas a bhain le punanna a chur le chéile sa corpoideachas i measc na scoileanna.

## 2.3 Léargas ar ghearrchúrsa Corpoideachais na Sraithe

### Sóisearaí (2016)

Ag eascairt as an gCreat don tSraith Shóisearach, d'fhorbair CNCM gearrchúrsa corpoideachais 100 uair an chloig, a foilsíodh in 2016. D'fhreagair an tsonraíocht a bhí bunaithe ar thorthaí foghlama d'athruithe níos fairsinge sa tsraith shóisearach maidir le nádúr na sonraíochta curaclaim. Níor díriodh ar inneachar ann mar a rinneadh roimhe sin, bhí príomhscileanna ann agus bhí sé solúbtha ó thaobh pleanála don teagasc agus don fhoghlaim. Leabaíodh struchtúr an ábhair ó shiollabas 2003 sa tsonraíocht, a bhí bunaithe ar thorthaí foghlama, sa ghearrchúrsa agus ailíníodh é leis an gCreat. Bhí sé i gceist chomh maith go mbeadh sé mar shampla do mhúinteoirí a roghnódh a ngearrchúrsa féin a fhorbairt sa scoil.

Tacaíonn an gearrchúrsa le leanúnachas idir curaclam corpoideachais na bunscoile agus an tsraith shóisearach, agus dul chun cinn chuig corpoideachas na sraithe shinsearaí á chumasú. Comhchuimsítear na seacht réimse gníomhaíochta ó shiollabas 2003 i gceithre shnáithe an ghearrchúrsa agus cuirtear measúnú foirmeálta san áireamh ann i bhfoirm Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna). Cuirtear deiseanna ar fáil ann don scoláire roinnt de na ráitis foghlama a chur i gcrích agus cumas sna hocht bpríomhscil a shealbhú agus a mhéadú. Is ráitis a bhaineann le heolas, tuiscint, scileanna agus luachanna iad na torthaí foghlama ar cheart do scoláire a shealbhú tar éis dó staidéar a dhéanamh ar an ngearrchúrsa agus mar sin cuirtear forbairt iomlánaíoch an scoláire chun cinn mar

*rannpháirtí eolach, sciliúil agus cruthaitheach atá muiníneach agus inniúil chun réimse gníomhaíochtaí a dhéanamh go sábháilte. (CNCM, 2016, lch 5)*

Leagtar amach an tsonraíocht bunaithe ar cheithre shnáithe agus tugtar breac-chuntas orthu seo i sonraíocht an ghearrchúrsa mar seo a leanas:

- Snáithe 1: Gníomhaíocht fhisiciúil le haghaidh na sláinte agus na folláine
- Snáithe 2: Cluichí

- Snáithe 3: Dúshláin aonair agus foirne<sup>1</sup>
- Snáithe 4: Damhsa agus gleacaíocht.

I dtéarmaí pleanála, socróidh gach scoil an t-ord ina dteagascfar na snáitheanna. Nuair is cuí, moltar an t-ualú ama céanna do gach snáithe lena chinntiú go bhfuil clár leathan, cothromaithe agus oiriúnach maidir le forbairt ann.

### **Measúnuithe Rangbhunaithe i nGearrchúrsa Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí**

Is é seo an chéad uair a thugtar measúnú agus tuairisciú foirmeálta isteach don chorpoideachas sa tsraith shóisearach. Tá ceithre Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) ar leith ann a dearadh go sonrach chun fianaise ar fhoghlaim an scoláire i ngach ceann de na snáitheanna seo a ghabháil. Déanann an scoláire péire de na ceithre MRB agus roghnaíonn sé an cruthú is fearr aige le tuairisciú air ina Phróifíl Ghnóthachtála don tSraith Shóisearach (PGSS). Áirítear le gach measúnú athmhachnamh scoláire a ndéantar measúnú air mar chuid de na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun leibhéal gnóthachtála i MRB a chinneadh. I ngach ceann de na measúnuithe seo, is gá don scoláire machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama sa snáithe. Cuirtear ionchais agus gnéithe cáilíochta sonracha ar fáil sna Treoirínte Measúnaithe a théann leis.

## **2.4 Corpoideachas agus an Creat don tSraith**

### **Shóisearach**

Déantar cur síos sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) ar an tslí ar cheart do chleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe forbairt chun tacú le seachadadh oideachas ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus ábhartha a chomhlíonfaidh riachtanais scoláire na sraithe sóisearaí. Tugtar breac-chuntas ann ar an tslí a gcuireann corpoideachas leis an gcéim seo d'oideachas an scoláire. Tá cur síos ar an bhfoghlaim atá i gcroílár na sraithe sóisearaí i 24 Ráiteas Foghlama (RF). Cinnteoidh scoileanna go mbeidh gach ráiteas foghlama agus na hocht príomhscileanna mar ghné de chláir scoláirí na sraithe sóisearaí ar fad. Is trí staidéar ar an gcorpoideachas is fearr a chuirtear na ráitis seo a leanas i gcrích:

---

<sup>1</sup> Díríonn an snáithe seo ar inniúlacht agus muinín an scoláire a thógáil in dhá cheann de na réimsí gníomhaíochta seo a leanas: treodóireacht agus dúshláin foirne, uiscíocht agus lúthchleasaíocht.

- RF 11: Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.
- RF 12: Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é an scoláire i ngníomhaíocht choirp agus spreagtar é bheith gníomhach go fisiceach.
- RF 13: Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh.

Nuair a foilsíodh an Creat in 2015, rangáíodh an corpoideachas mar ghearrchúrsa seachas mar ábhar, agus dúradh ann chomh maith gur 'féidir le scoileanna freisin deiseanna a sholáthair don scoláire chun líon beag gearrchúrsaí a dhéanamh' (ROS, 2015, lch 23). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh gur chuir an rangú seo leis an dearcadh gur comhpháirt roghnach a bhí sa chorpoideachas. Mar sin féin, soiléiríonn Treoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí a foilsíodh in 2017 go raibh an corpoideachas mar phríomhréimse foghlama i gclár na sraithe sóisearaí.

Dá ainneoin sin, tá difríocht idir an tslí a phleanálann an scoil a clár chorpoideachais sa tsraith shóisearach agus na hábhair eile agus gearrchúrsaí de bharr an leithdháilte ama atá aige. Socraítear 200 uair an chloig ar an gclár ama d'ábhair (nó 240 don Ghaeilge, don Mhatamaitic agus don Bhéarla) agus socraítear 100 uair an chloig do ghearrchúrsaí. Dúradh i gCiorclán 0055/2019 ón Roinn Oideachais agus Scileanna 'Meabhraítear do scoileanna go bhfuil tairseach íosta ama ann thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí agus ba chóir go gcuirfí ar fáil í don Chorpoideachas... : 135 uair an chloig dáilte thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain' (ROS, 2019)

Tugadh breac-chuntas ina dhiaidh sin sa chiorclán ó 2019 ar na ceithre rogha don chorpoideachas ar leibhéal na sraithe sóisearaí. Leis na roghanna atá ar fáil, léirítear leibhéal ard solúbthachta agus neamhspleáchais chun go ndéanfaidh an scoil pleanáil ar leibhéal áitiúil. Caithfear pleanáil don chorpoideachas a chur i gcrích i gcomhthéacs chlár Folláine na scoile chomh maith. I gcás an dá rogha (an gearrchúrsa sa chorpoideachas agus gearrchúrsa sa chorpoideachas a dearadh sa scoil nó go seachtrach) caithfidh an scoil clár a fhorbairt don 35 uair an chloig atá fágtha.

Moltar sna Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (CNCM, 2017) go bhforbródh scoileanna a gcláir corpoideachais féin don chéad bhliain agus ansin go múinfidís gearrchúrsa 100 uair an chloig sa dara agus sa tríú bliain. Chuirfeadh sé sin ar chumas na scoile bonn leathan a chur ar fáil sa chorpoideachas trína clár sa chéad bhliain, a thógfaidh ar an taithí atá ag an scoláire ar an mbunscoil agus sholáthrafaí dul chun cinn i dtreo an ghearrchúrsa:

*Is féidir le réimse fairsing acmhainní, ar nós cáipéisí curaclaim, riachtanais, eispéiris nó spéiseanna an scoláire agus deiseanna aonair nó na hacmhainní áitiúla atá ar fáil bonn eolais a chur faoin gcorpoideachas. Samhlaítear go dtabharfar an deis*

*don scoláire taithí a fháil ar réimse fairsing agus cothrom eispéiris corpoideachais, mar chuid dá Chlár Folláine, a thógfadh ar an réamheolas agus a éascódh dul chun cinn agus forbairt sa todhchaí. (CNCM, Planning for Wellbeing, Ich 3 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe)*

Déantar tuairisciú ar an gCorpoideachas i gcuid na Folláine de Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Tá suntas ag baint leis sin toisc gurb é sin an chéad uair a chuirtear foghlaim sa corpoideachas san áireamh ar theimpléad measúnaithe náisiúnta a nglactar go foirmeálta leis.

Ionas gur féidir tacaíocht bhreise a thabhairt do scoileanna i bpleanáil dá gclár sraithe sóisearaí laistigh den íostairseach 135 uair an chloig, in 2020 d'iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna ar CNCM clár foghlama corpoideachais a chuimseodh 135 uair an chloig ar a laghad a ullmhú.

## 2.4.1 Eispéireas múinteoirí Corpoideachais ar athchóiriú na sraithe sóisearaí

Scrúdaíodh dearcthaí múinteoirí ar an athrú sa tsraith shóisearach, le fócas ar leith ar leasú ar an gcuraclam corpoideachais agus ar an gclár Folláine, i dtuarascáil a d'ullmhaigh taighdeoirí in Ollscoil Luimnigh agus a chuir siad i láthair don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí. Chuaigh na taighdeoirí i ngleic leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus le múinteoirí Corpoideachais ó 2018 go dtí 2020. Cuireann an tuarascáil *A Three-Legged Stool: Teachers' Views of Junior Cycle Physical Education Curriculum Change*, a foilsíodh in 2020, léargas tráthúil agus ábhartha ar fáil ar eispéireas múinteoirí agus ar dhearcadh ar athchóiriú an corpoideachais. Déantar ionramháil ar thuiscint múinteoirí ar an gCreat don tSraith Shóisearach agus bailítear dearcthaí ar leith faoin ngearrchúrsa don corpoideachas agus a ndearcthaí ar athrú a chur i bhfeidhm. D'fhreagair 107 múinteoir an suirbhé, rud a chuir sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ar fáil don tuarascáil.

Chur na taighdeoirí trí théama le chéile chun dearcthaí múinteoirí corpoideachais faoi athrú ar an tsraith shóisearach a léiriú, agus i measc na dtéamaí sin bhí: Fócas na Foghlama, Glacadh le hAthrú, agus Cur i bhFeidhm an Churaclaim.

Tugtar aird sa tuarascáil go raibh athrú ón bhfócas ar inneachar chuig fócas ar fhoghlaim á éileamh ar mhúinteoirí mar chuid d'fhorbairt an ghearrchúrsa mar shonraíocht a bhí bunaithe ar thorthaí foghlama. (O'Sullivan et al. 2020):

*Athrú tábhachtach le haghaidh múinteoirí leis an gcreat curaclaim nua seo ná imeacht ó fhócas ar inneachar go fócas ar phleanáil le haghaidh na bpríomhphointí foghlama sa Chorpoideachas. Léiríonn an t-athrú ó "inneachar go foghlaim" go n-aithníonn múinteoirí gurb í an fhoghlaim an sprioc is tábhachtaí do mhúinteoirí. D'aontaigh breis agus 80% de na múinteoirí gur lig na hathruithe seo go cur chuige bunaithe ar thorthaí foghlama le curaclam an Chorpoideachais tacú le fócas*

*folláine an churaclaim nua i slí níos fearr. Thug múinteoirí le fios go raibh athchóiriú ag teastáil agus an tsraith shóisearach ag iarraidh “imeacht ón bhfoghlaim de ghlanmheabhair go foghlaim ghníomhach”. (O’Sullivan et al., 2020, lch 13 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe)*

D’fhreagair na cuir chuige measúnaithe agus tuairiscithe athraithe sa tsraith shóisearach don athrú fócais seo ar fhoghlaim an scoláire agus léirchruinneas idir torthaí foghlama, intinní foghlama agus measúnú. Féachtar sa tuairisc ar roinnt de na dúshláin do na múinteoirí a bhain leis na cuir chuige seo.

*Bhí formhór na múinteoirí an-tacúil ó thaobh gnóthachtálacha foghlama an scoláire a thuairisciú go foirmeálta ar Phróifíl Ghnóthachtála nua na Sraithe Sóisearaí. Bíodh sin amhlaidh, bhí roinnt dearcthaí easaontacha faoin bhfócas seo ar fhoghlaim ann chomh maith. Príomhábhar buartha a bhí ann ná go mbainfí ó rannpháirtíocht an scoláire i ngníomhaíocht choirp dá mbeadh an iomarca airde á thabhairt ar mheasúnú agus go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar eispéiris an scoláire sa Chorpóideachas. Chomh maith leis sin, bhí imní ar mhúinteoirí faoina gcumas féin foghlaim an scoláire a mheas go cóir agus go beacht. (O’Sullivan et al., 2020, lch 14 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe)*

Bíodh agus go raibh muinín ag na múinteoirí go raibh MRBanna mar chur chuige ní b’fhearr don mheasúnú sa Chorpóideachas ná scrúdú deiridh, bhí i bhfad níos lú muiníne acu i gcur i bhfeidhm MRBanna. Déanadh forbairt air seo sa tuarascáil:

*Bhí roinnt fianaise a thug le fios nach raibh an t-eolas ná an tuiscint oideolaíoch ag múinteoirí cuir chuige nua i leith an Chorpóideachais a phleanáil agus a chur i gcrích go héifeachtach. Dúirt 60% de na freagróirí nach mbeidís cinnte nó go rabhadar neamhchinnte conas a n-athróidís a gcur chuige teagaisc. D’fhreagair 37% de na múinteoirí ag rá nach n-athróidís a gcur chuige teagaisc mar thoradh ar an gCorpóideachas a bheith á chur le Réimse Foghlama na Folláine. Ní raibh sé soiléir áfach, ar chiallaigh sé seo gur shíl na múinteoirí go raibh a gcur chuige teagaisc ag ailíniú leis an gcuraclaim nua cheana féin, nó nach raibh. Thug 55% le fios nach raibh a gcleachtais mheasúnaithe agus tuairiscithe don Chorpóideachas forbartha go fóill acu agus d’admhaigh 30% nár mheas siad a gcleachtais bunaithe ar phrionsabail na n-athchóirithe nua. (O’Sullivan et al., 2020, lch 18 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe)*

Rud a raibh suntas ag baint leis faoi thorthaí na tuairisce seo ná gur ghlac formhór na múinteoirí leis an gcur chuige nua i leith Corpóideachas a mhúineadh mar chuid d’athchóirithe ar an tsraith shóisearach:

*An dea-scéal ná go raibh na múinteoirí tacúil i leith na n-athruithe sa churaclam agus gur aithin siad an líon acmhainní a cuireadh ar fáil mar thacaíocht don churaclam cheana féin ach, chreid siad gur theastaigh níos mó. (O’Sullivan et al., 2020, lch 22 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe)*

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt de thorthaí na tuarascála taighde le feiceáil san achoimre ar an ngearrchúrsa Corpoideachais (cuid 5 den pháipéar seo). Tháinig téamaí cosúla chun cinn, ina measc na dúshláin a bhain leis an gcur chuige torthaí foghlama a úsáid chun teagasc agus foghlaim a phleanáil, an measúnú agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

# 3. Tacú leis an bhfoghlaim sa chorpoideachas agus í a chur chun cinn

Cuireann an chuid seo breac-chuntas ar fáil de na príomhfhorbairtí ar an gcuraclam corpoideachais san oideachas bunscoile agus in oideachas na sraithe sinsearaí. Ar leibhéal na bunscoile, tá athbhreithniú agus athfhorbairt á dhéanamh ar Churaclam na Bunscoile ó 1999. Forbraíodh Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile in 2020 agus tá comhairliúchán ar bun faoi láthair agus an corpoideachas mar chuid den obair sin. Ar leibhéal na sraithe sinsearaí, tugadh Corpoideachas na hArdeistiméireachta isteach mar ábhar scrúdaithe in 2018 agus foilsíodh creat don chorpoideachas i gcomhair gach scoláire sa tsraith shinsearach in 2018.

## 3.1 Corpoideachas sa bhunscoil

Is ar fhorbairt iomlánaíoch an pháiste, ar bhéim a chur ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta, ar fhás fisiciúil, agus ar fhorbairt na luaile atá fócas an chorpoideachais i gcuraclam na bunscoile (1999). Leagtar an curaclam amach bunaithe ar shé réimse gníomhaíochta:

- Lúthchleasaíocht
- Damhsa
- Gleacaíocht
- Cluichí
- Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta
- Oiliúint uisce.

Cuirtear béim sa churaclam ar fhorbairt thuiscint an pháiste agus an meas atá aige ar ghníomhaíochtaí fisiciúla chomh maith. Tugtar leibhéal ard neamhspleáchais agus solúbthachta do scoileanna eispéiris ábhartha agus oiriúnacha a phleanáil do pháistí. Ba cheart go mbeadh an clár staidéir molta fairsing agus cothrom, agus ba cheart go bhfreagródh measúnú an chláir dó sin. Moltar gur cheart tréithe sóisialta agus pearsanta, scileanna agus inniúlachtaí fisiciúla, eolas agus tuiscint, forbairt chruthaitheach agus aeistéitiúil, forbairt chorpacmhainne a bhaineann le sláinte agus forbairt

cleachtas sábháilte a chur san áireamh sa mheasúnú. An múinteoir ranga atá freagrach as an gcuraclam seo a mhúineadh.

Moltar cúig réimse curaclaim fairsinge in *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2020) lena n-áirítear Oideachas Ealaíon agus Folláine (Oideachas Fisiciúil agus Sláinte). Meastar go ligfidh na réimsí curaclaim seo do scoileanna solúbthacht agus neamhspleáchas níos mó a bheith acu agus Oideachas Ealaíon agus Oideachas Fisiciúil agus Sláinte fairsing agus comhtháite á chur ar fáil acu. Samhlaítear go gcuirfeadh Oideachas Ealaíon réimse fairsing eispéireas ar fáil do pháistí a chuimseodh go leor disciplíní difriúla lena n-áireofaí damhsa, a bhíodh mar chuid den churaclam Corpoideachais go traidisiúnta. Moladh go mbeadh Oideachas Fisiciúil agus Sláinte san áireamh leis an bhFolláine chomh maith. Tá cinneadh le déanamh faoi na torthaí foghlama ar leith don réimse curaclaim molta – Oideachas Fisiciúil agus Sláinte – agus tarlóidh an méid sin nuair a bheidh an céim forbartha sonraíochta, a mbeidh comhairliúchán breise i gceist leis, ar bun.

## 3.2 Corpoideachas sa tsraith shinsearach

Tá dhá réimse curaclaim éagsúla ar leith ar leibhéal na sraithe sinsearaí: Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta. Cuireann Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí (2018) uirlis phleanála ar fáil do scoileanna chun clár a dhearadh a bhfuil mar aidhm leis rannpháirtíocht mhuiníneach, thaitneamhach agus oilte an fhoghlaimora sa ghníomhaíocht choirp a spreagadh le linn dó a bheith ag gabháil don tsraith shinsearach agus níos faide anonn sa saol. Ar an taobh eile den scéal, is ábhar iomlán é Corpoideachas na hArdteistiméireachta, a ndéanann an scoláire staidéar air agus a ndéantar measúnú air ann, mar chuid dá scrúduithe Ardteistiméireachta. Díríonn an dá réimse curaclaim ar fhorbairt iomlánaíoch eispéireas chorpoideachais an scoláire agus fócas ar scileanna luaile mar aon le ceistanna comhaimseartha.

Ó Mheán Fómhair 2020, caithfidh corpoideachas a bheith mar chuid d'eispéireas gach scoláire sa tsraith shinsearach mar chuid de Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí agus/nó Corpoideachas na hArdteistiméireachta.

### 3.2.1 Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí

Cuireadh Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí i bhfeidhm mar chuid de chur chuige céimnitheach in 2018 agus bhí sé ar fáil le tabhairt amach go náisiúnta ó mhí Mheán Fómhair 2020. B'fhorbairt shuntasach a bhí sa Chreat toisc gur don tsraith shinsearach féin a cruthaíodh é agus toisc go raibh treoir ann i leith teagaisc, foghlama agus measúnú don chorpoideachas ag an gcéim seo den



oideachas. Roimh an gCreat seo, cuireadh struchtúr d'fhorbairt eolais agus scileanna an scoláire i gcorpoideachas na sraithe sinsearaí i siollabas 1987, ina ndearna an siollabas iarracht 'a aithint gur cheart go mbeadh an scoláire ag céim ina raibh leibhéal áirithe rogha aonair tábhachtach dóibh' (Duffy, 1997, *Ich 201 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe*). Nuair a tháinig siollabas 2003 in áit shiollabas 1987, níor cuireadh siollabas i bhfeidhm do chorroideachas na sraithe sinsearaí.

Leagtar amach Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí bunaithe ar shé mhúnla curaclaim, atá bunaithe ar théamaí agus a fhreagraíonn d'fhealsúnacht ar leith atá bunaithe ar an rud is tábhachtaí i gcorpoideachas (féach ar Fhíor 2).

Tá corpoideachas na sraithe sinsearaí deartha lena theagasc thar an dá bhliain nó na trí bliana d'oideachas na sraithe sinsearaí. Moltar tréimhse dhúbailte gach seachtain a chur ar fáil mar íosriachtanas le corpoideachas na sraithe sinsearaí a theagasc.

<p><b>Gníomhaíocht choirp ar son na sláinte</b> — lena bhforbraítear tuiscint an fhoghlaiméora ar an ngníomhaíocht choirp ar son na sláinte don am i láthair agus don todhcháí.</p>
<p><b>Oideachas spóirt</b> — lena soláthraítear taithí shultmhar bharántúil ar an ngníomhaíocht choirp eagraithe don fhoghlaiméoir de réir mar a bhíonn sé ag foghlaim conas tabhairt faoi róil imeartha agus neamhimeartha araon.</p>
<p><b>Ceisteanna comhaimseartha sa ghníomhaíocht choirp</b> — lena spreagtar an foghlaiméoir le machnamh criticiúil a dhéanamh ar a chuid eispéireas féin agus ar eispéiris daoine eile sa ghníomhaíocht choirp agus sa spórt.</p>
<p><b>Oideachas eachtraíochta</b> — lena spreagtar an foghlaiméoir chun é féin a shíneadh agus le bheith ag comhoibriú le daoine eile de réir mar a fhoghlaimíonn sé dóigheanna le dúshláin gníomhaíochta coirp a sháru.</p>
<p><b>Freagracht phearsanta agus shóisialta</b> — lena spreagtar an foghlaiméoir le freagracht a ghlacadh as féin agus as a chuid foghlama féin sa rang corpoideachais lena n-áirítear meas a bheith aige ar chearta agus ar mhothúcháin daoine eile.</p>
<p><b>Teagasc cluichí le haghaidh tuisciana</b> — lena bhforbraítear léargas beartach agus scileanna cinnteoireachta an fhoghlaiméora in éagsúlacht de chluichí.</p>

Fíor 2. Múnlaí curaclaim Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí (2018)

Moltar sa chreat punanna a úsáid chun tacú le measúnú na foghlama. Cuirtear solúbthacht ar fáil i dtéarmaí cur i láthair, modh cur le cheile agus bhainistiú na bpunann.

### 3.2.2 Sonraíocht do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta

Cuireadh an tSonraíocht do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ó 2018 agus bhí sé ar fáil le cur i bhfeidhm go náisiúnta ó mhí Mheán Fómhair 2020. Is é aidhm Chorpoideachas na hArdteistiméireachta forbairt a dhéanamh ar chumas an fhoghlaimora corpoideachas agus gníomhaíocht choirp a dhéanamh sa tsraith shinsearach agus ina shaol amach anseo ar bhealach eolach, oilte, féintreoiraithe agus smaointeach. Bhí éileamh mór ar an ábhar in 2018 agus breis is 300 scoil san iomaíocht le haghaidh 60 áit i gcéim a haon de leathadh amach Chorpoideachas na hArdteistiméireachta.

Cuirtear sonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta i láthair mar dhá shnáithe. I snáithe 1, foghlaimíonn an scoláire faoi na peirspictíochtaí teoiriciúla difriúla a mbíonn tionchar acu ar thaispeántas barr feabhais agus conas an tuiscint sin a chur i bhfeidhm ar raon gníomhaíochtaí difriúla. I snáithe 2, foghlaimíonn an scoláire faoi cheisteanna comhaimseartha sa ghníomhaíocht choirp agus taití a bhíonn ag daoine difriúla ar ghníomhaíocht choirp agus ar spórt. Tá Corpoideachas na hArdteistiméireachta ceaptha lena theagasc laistigh de 180 uair an chloig.

<p style="text-align: center;"><b>Snáithe 1</b></p> <p style="text-align: center;"><b>I dtreo taispeántas barrmhaith</b></p>	<p style="text-align: center;"><b>Snáithe 2</b></p> <p style="text-align: center;"><b>Ceisteanna comhaimseartha sa ghníomhaíocht choirp</b></p>
<p style="text-align: center;">Topaicí</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Scil agus teicníc a fhoghlaim agus a fheabhsú</li> <li>2. Éilimh fhisiceacha agus shíceolaíocha an taispeántais</li> <li>3. Struchtúir, straitéisí, róil agus gnásanna</li> <li>4. Ag pleanáil i gcomhair taispeántas barrmhaith</li> </ol>	<p style="text-align: center;">Topaicí</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>5. Gníomhaíocht choirp a chur chun cinn</li> <li>6. Eitic agus cothrom na féinne</li> </ol> <p style="text-align: center;"><i>Ina theannta sin, ainmneofar dhá cheann de na topaicí seo a leanas gach bliain.</i></p> <ol style="list-style-type: none"> <li>7. Gníomhaíocht choirp agus ionchuimsiú</li> <li>8. Teicneolaíocht, na meáin agus spórt</li> <li>9. Inscne agus gníomhaíocht choirp</li> <li>10. Gnó agus fiontraíocht i ngníomhaíocht choirp agus spórt</li> </ol>

## Measúnú

Tá an measúnú le haghaidh teastasú i gcorpoideachas bunaithe ar an aidhm, na cuspóirí agus na torthaí foghlama a bhfuil cuntas orthu sa tsonraíocht. Tá trí chomhpháirt measúnaithe i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta:

- Tionscadal Gníomhaíochta Coirp – 20%
- Measúnú Feidhmíochta – 30%
- Scrúdú scríofa – 50%

Déanann an scoláire taifead d'fhianaise ar a fhoghlaim sa Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp agus sa Mheasúnú Feidhmíochta i bhfoirm dhigiteach. Tá béim láidir ar chur i láthair praiticiúil agus ar chleachtas athmhachnamhach tríd an tsonraíocht ar fad agus tá an méid sin feiceálach sna comhphárteanna measúnaithe.

## 3.3 Tacaíochtaí agus tionscnaimh don chorpoidéachas

Tá go leor páirtithe leasmhara in Éirinn bainteach le forbairt acmhainní agus tionscnaimh a ceapadh chun tacú le gnéithe de chumas sa chorpoidéachas in iar-bhunscoileanna.

Is é *Éire Sláintiúil, Creat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe 2013-2025* (An Roinn Sláinte 2013) an creat náisiúnta do ghníomhaíocht rialtais iomláin agus sochaí iomláine, chun sláinte agus folláine na ndaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a fheabhsú. Mar chuid den chreat seo seoladh *Get Ireland Active! Plean um Ghníomhaíocht Fhisiúil d'Éirinn* (An Roinn Sláinte, 2016). Tá sé mar aidhm leis leibhéal gníomhaíochta coirp a mhéadú i measc an daonra i gcoitinne. Tá sé mar aidhm leis sochaí a éascaíonn maireachtáil ghníomhach do dhaoine a chruthú, bíodh sin sa bhaile, ag an obair nó i mbun spraoi. Léirítear an corpoideachas mar thoisic riachtanach i bhforbairt daoine óga atá díograiseach, inniúil go fisiciúil agus a bhfuil scileanna acu, ar féidir leo a bheith rannpháirteach sa spórt agus san áineas fad a saoil. Deirtear:

*In scoileanna, cabhraíonn foghlaim sa chorpoidéachas le páistí agus le daoine óga forbairt a dhéanamh ar a gcuid eolais, scileanna agus meon dearfach a thacaíonn leo agus a chuireann ar a gcumas stíl mhaireachtála atá gníomhach go fisiciúil a bheith acu. Cabhraíonn corpoideachas ar ardchaighdeán le páistí agus le daoine óga máistreacht a fháil ar bhunscoileanna chomh maith, a chuireann ar a gcumas rannpháirtíocht níos taitneamhaí a bheith acu i réimse gníomhaíochtaí coirp agus i spóirt dhifriúla. (An Roinn Sláinte, 2016, lch 17 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe)*

Tugtar faoi chur chuige comhordaithe i leith corpoideachais, gníomhaíocht choirp agus spóirt i suíomh na scoile agus an phobail a chruthú do pháistí agus do dhaoine óga sa phlean *Get Ireland Active!*. In *Get Ireland Active!* aithnítear an gá atá le cur chuige comhordaithe maidir le forbairt agus soláthar corpoideachais ar ardchaighdeán agus le soláthar éifeachtach cláir inniúlachta choirp, atá riachtanach do pháistí chun go bhforbróidís na scileanna agus an mhuinín a theastaíonn le haghaidh rannpháirtíocht fadsaoil sa spórt agus áineas fhisiciúil.

Is tionscnamh de chuid na Roinne Oideachais é an *Bratach Scoile Gníomhaí* a dtacaíonn Éire Sláintiúil leis agus atá mar chuid den *Phlean Náisiúnta um Gníomhaíocht Choirp*. Is é aidhm an *Bratach Scoile Gníomhaí* ná maireachtáil shláintiúil agus gníomhaíocht choirp a chur chun cinn trí thacú le scoileanna pobal scoile a bhfuil corpoideachas orthu agus atá gníomhaíoch go fisiciúil a bhaint amach.

Cuireann *Schools for Health in Ireland: Framework for Developing a Health Promoting School, Post Primary* a d'fhoilsigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in 2013 creat ar fáil do scoileanna ar féidir leo a scoil a mheas ina choinne, measúnú a dhéanamh ar a riachtanais sláinte agus tús a chur le próiseas ina n-oibreofar i dtreo sláinte níos fearr do bhaill uile an phobail scoile. Is é an aidhm a bhíonn ag *Health Promoting School* ná: forbairt shláintiúil pobal uile na scoile a chruthú; creat a sholáthar le haghaidh tionscnamh a chuireann sláinte chun cinn i slí a thacaíonn agus a chuireann le cur i bhfeidhm an churaclaim; tacú le pleanáil, cur i bhfeidhm agus meastóireacht ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le sláinte sa scoil mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta scoile agus den phróiseas pleanála forbartha scoile; agus cur leis na naisc idir an scoil agus a pobail.

Ceapadh tionscnaimh amhail an *Bratach Scoile Gníomhaí* agus *Health Promoting Schools* chun aitheantas a thabhairt do scoileanna agus do phobail a dhéanann tréaniarracht pobal scoile a bhfuil corpoideachas orthu agus atá gníomhach go fisiciúil a bhaint amach. Tugtar aitheantas do scoileanna a bhíonn páirteach sna tionscnaimh seo dá n-íarrachtaí clár ar ardchaighdeán ar chur ar fáil le haghaidh gach scoláire agus don chur chun cinn a dhéanann siad ar ghníomhaíocht choirp i measc pobal uile na scoile.

Is tionscnamh é *PE XPO* a bhunaigh múinteoirí corpoideachais chun tacú le corpoideachas mar ábhar agus chun scoláirí a spreagadh le taighde a dhéanamh ar an gcorpoideachas agus topaicí a bhaineann leis. Is comórtas é *PE XPO* a thugann deis do scoláirí an t-eolas atá acu agus cur i bhfeidhm na neolaíochtaí atá mar bhonn le topaicí a bhaineann le spórt a thaispeáint. Cuirtear clabhsúr leis le taispeántas náisiúnta bliantúil ina bhfeictear mórchuid scoláirí ó cheann ceann na tíre ag teacht mar ionadaithe dá scoileanna agus chun a dtionscnaimh a thaispeáint.

Is é aidhm Chumann Corpoideachais na hÉireann, a bunaíodh in 1968, ná caighdeán agus feidhmíocht sa chorpoideachas a fheabhsú trí dheiseanna agus ábhair don fhorbairt ghairmiúil a chur ar fáil dá bhaill. Cuireann sé acmhainní teagaisc ar fáil ar líne do mhúinteoirí, tacaíonn sé le forbairt ghairmiúil a bhall trí phobail cleachtais múinteoirí agus cuireann sé comhdháil bhliantúil ar bun chomh maith, a mbíonn ceardlanna idirghníomhacha agus léachtaí mar chuid de. Tacaíonn sé le taighde ábhartha a scaipeann sé agus tacaíonn sé le rannpháirtíocht múinteoirí i dtaighde.

Bunaíodh Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann (IPPEA) sa bhliain 2002. Tá Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann tiomanta d'fheasacht faoi cheisteanna corpoideachais a mhéadú agus tá sé mar aidhm aige gníomhaíocht choirp i gcomhthéacs an oideachais a chur chun cinn.

Cuireann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí ar fáil do mhúinteoirí agus tacaíonn siad le múinteoirí trí cheardlanna, imeachtaí agus ábhair ar líne.

Is ionad taighde é Physical Education, Physical Activity and Youth Sport (PEPAYS) a bhfuil cur chun cinn na sláinte agus na folláine trí thaighde i réimsí an chorpoideachais, spóirt, gníomhaíochta coirp agus sláinte mar aidhm acu. Is é an fhís atá acu:

*Tairseach chriticiúil taighdeoirí a chuireann le taighde ildisciplín agus ileagraíochta a mbíonn tionchar aige ar pholasaithe agus ar chleachtas a bhaineann le sláinte agus folláine daonraí i réimsí an chorpoideachais, an spóirt, na gníomhaíochta coirp agus na sláinte a fhorbairt. (PEPAYS)*

Is grúpa náisiúnta é Physical Education Teacher Education Ireland (PETE Ireland) a dhéanann ionadaíocht ar chnuasdearcthaí na soláthróirí Oideachais Tosaigh Múinteoirí corpoideachais ar fud na hÉireann, don leibhéal bunscoile agus don iar-bhunscoile. Tá ionadaithe ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Ollscoil Chorcaí, agus Ollscoil Luimnigh san áireamh ann. Tacaíonn sé le cleachtas atá bunaithe ar thaighde chun tacú le hullmhú ardchaighdeán ábhair múinteoirí corpoideachais agus oibríonn a bhaill le heagraíochtaí eile amhail CNCM, SFGM, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Chomhairle Mhúinteoireachta, XPO, IPPEA agus PEAI chun forbairt ghairmiúil leanúnach agus deiseanna taighde a chur ar fáil do mhúinteoirí corpoideachais ar fud gach leibhéil (Luathóige, Bunscoil agus Iar-bhunscoil).

## 4. Curaclam idirnáisiúnta don chorpoideachas

Tá fócas níos mó ag fás go hidirnáisiúnta ar bhuntáistí an chorpoideachais mar réimse foghlama. Tugann an chuid seo léargas gonta ar sholáthar curaclaim corpoideachais i dtrí dlínse: Ontario, an Astráil agus Albain. Ainmníonn gach dlínse an corpoideachas mar chomhpháirt riachtanach ina gcláir Sláinte agus Folláine, bíodh agus go bhfuil difríochtaí idir na slite áirithe ina rangáitear é. Is réimsí curaclaim fairsinge a chuireann neamhspleáchas suntasach ar fáil do mhúinteoirí sa teagasc agus foghlaim agus sa mheasúnú araon iad na cláir a thairgtear.

I bhfianaise an áit a thugtar don chorpoideachas sa chlár folláine agus na cuir chuige mheasúnaithe a chuirtear chun cinn sa tsraith shóisearach, tugann na trí shampla a dtugtar breac-chuntas orthu thíos léargas áirithe ar an gcur chuige i ndlínsí difriúla.

### 4.1 An curaclam san Astráil

Tá Oideachas Sláinte agus Corpoideachas ar cheann de na hocht réimse staidéir le haghaidh an scoláire dara leibhéal i gCuraclam na hAstráile ó bhliain a 7 go dtí bliain a 10 (12-15 bliana d’aois). Is curaclam náisiúnta é seo agus is féidir a chur i bhfeidhm a chur in oiriúint ó stát go stát.

In Oideachas Sláinte agus Corpoideachas, spreagann eispéiris foghlama rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil. Forbraítear scileanna don bhreithmheas criticiúil agus cruthaitheach, anailís ar spórt agus sláinte sa tsochaí, agus mionchoigeartú fheidhmíocht luaille an scoláire féin agus daoine eile. Ceistítear agus déantar anailís chriticiúil ar thosca sóisialta, cultúrtha, agus polaitiúla a mbíonn tionchar acu ar shláinte, ar shábháilteacht, ar fholláine agus ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp chun breithiúnais a bhfuil bunús leo agus cinntí eiticiúla a dhéanamh. Forbraítear straitéisí chun athrú agus caidrimh ómósach, scileanna ceannaireachta agus comhoibrithe a bhainistiú go dearfach agus déantar meastóireacht chriticiúil orthu.

Tá an tOideachas Sláinte agus Corpoideachas eagraithe ina dhá shnáithe inneachair:

1. Sláinte phearsanta, shóisialta agus phobail
2. Luail agus gníomhaíocht choirp

Cuirtear achoimre ar fáil sa tábla thíos ar inneachar na snáitheanna agus ar na fo-shnáitheanna laistigh den churaclam. Molann an curaclam cur chuige comhtháite i leith an teagaisc agus na foghlama.

		<b>Snáitheanna</b>	
<b>Fo-shnáitheanna agus gnéithe</b>	<b>Sláinte phearsanta, shóisialta agus phobail</b>	<b>Luail agus gníomhaíocht choirp</b>	
	<b>A bheith sláintiúil, sábháilte agus gníomhach</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Féiniúlachtaí</li> <li>• Athruithe agus aistrithe</li> <li>• Cabhair a lorg</li> <li>• Cinntí sláintiúla agus sábháilte a dhéanamh</li> </ul>	<b>Ár gcorp a bhogadh</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Scileanna luaile a mhionchoigeartú</li> <li>• Coincheapa agus straitéisí luaile a fhorbairt</li> </ul>	
	<b>Cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh ar mhaithe le sláinte agus folláine</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Caidreamh a dhéanamh le daoine eile</li> <li>• Mothúcháin a thuiscint</li> <li>• Inniúlacht sláinte</li> </ul>	<b>Luail a thuiscint</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Corpacmhainn agus gníomhaíocht choirp</li> <li>• Gnéithe na luaile</li> <li>• Suntas cultúrtha na gníomhaíochta choirp</li> </ul>	
	<b>Ag cur le pobail shláintiúla agus ghníomhacha</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cur chun cinn shláinte an phobail</li> <li>• Ag ceangal leis an gcomhshaoil</li> <li>• Luach a chur le héagsúlacht</li> </ul>	<b>Ag foghlaim trí ghluaiseacht</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair foirne agus ceannaireacht</li> <li>• Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach sa luail</li> <li>• Iompar eiticiúil i suíomhanna luaile</li> </ul>	

Fíor 3. Inneachar na snáitheanna agus fo-shnáitheanna laistigh de churaclam Oideachas Sláinte agus Corpoideachas na hAstráile

Chomh maith leis na snáitheanna agus na fo-shnáitheanna, tá 12 réimse fócais éigeantacha a chuireann raidhse foghlama ar fáil i gcaitheamh bhliain a 7 go dtí bliain 10. Leagtar amach an 12 réimse fócais thíos:

1. Alcól agus drugaí eile
2. Bia agus cothú
3. Buntáistí sláinte na gníomhaíochta choirp
4. Meabhairshláinte agus folláine
5. Caidrimh agus gnéasacht
6. Sábháilteacht
7. Spraoi gníomhach agus mionchluichí
8. Gníomhaíochtaí dúshláin agus eachtraíochta
9. Bunscoilteanna luaile
10. Cluichí agus spórt
11. Gníomhaíochtaí fisiciúla ar feadh an tsaoil
12. Gníomhaíochtaí luaile rithimí agus léirithí

## Measúnú agus tuairisciú

An múinteoir ranga a thugann faoin measúnú, le tacaíocht ó na Caighdeáin Ghnóthachtála. Baineann na Caighdeáin Ghnóthachtála, a chuireann Údarás Curaclaim, Measúnaithe agus Tuairiscithe na hAstráile (ACARA) ar fáil, le gach sraith nó céim foghlama m.sh bliain a 7 agus tugtar breac-chuntas ann ar an méid a thuigeann an scoláire agus an méid ar féidir leis a dhéanamh ag deireadh gach sraithe. Baintear úsáid as na tuairisceoirí sin chun gnóthachtáil an scoláire a thuirisciú.

## 4.2 An Curaclam in Ontario

Déanann an curaclam Corpoideachais agus Oideachas Sláinte i gCeanada tréaniarracht an scoláire a chumasú le saol atá gníomhach go fisiciúil agus sláintiúil a mhaireachtáil le heolas, le scileanna agus le meoin. Is dualgas roinnte é curaclam Corpoideachais agus Oideachais Sláinte Cheanada ina nglacann gach cúige ceannasaíocht ar a fhreagra féin ar dhifríochoitaí áitiúla agus comhthéacsúla a fhorbairt.

I gcúige Ontario i gCeanada, is é príomhfhócas an oideachais dara leibhéal ná timpeallacht foghlama a éascaíonn cur chuige aonair a chothú agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim ar ardchaighdeán. Tá béim ar fholláine an scoláire agus ar an tionchar a bhíonn aige seo ar a fhoghlaim agus ar a ghnóthachtáil i gcoitinne. Is é fís an churaclaim Corpoideachais agus Oideachais Sláinte ná:

*Tá an curaclam oideachas sláinte agus corpoideachais bunaithe ar an bhfís go rachaidh an t-eolas agus na scileanna a shealbhaíonn an scoláire sa chlár chun tairbhe dó i rith a shaoil agus go gcuirfidh siad ar a chumas a bheith rathúil i ndomhan a bhíonn ag forbairt de shíor trí chabhrú leis inniúlacht sláinte agus fhisiciúil chomh maith leis an tuiscint, an cumas agus an tiomantas a fhorbairt a bheidh uaidh le saol sláintiúil, gníomhach a mhaireachtáil agus maireachtáil shláintiúil ghníomhach a chur chun cinn. (An Aireacht Oideachais, 2015, lch 6 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe)*

Ceithre chúrsa san Oideachas Maireachtála Sláintiúla Gníomhaí atá sa churaclam, ceann i ngach grád ó ghrád a 9 go dtí grád a 12.<sup>2</sup> Tá sé éigeantach go ngnóthódh an scoláire creidmheas amháin in Oideachas Sláinte agus Corpoideachas (dáiltear 110 uair teagaisc le haghaidh cúrsa le haon chreidmheas iomlán) mar chuid dá Dhioplóma Scoile Dara Leibhéal in Ontario (OSSD) agus is féidir leis an scoláire tabhairt faoin gcúrsa Oideachais Sláinte agus Corpoideachais chomh maith chun an riachtanas creidmheasa éigeantach breise a chomhlíonadh.

---

<sup>2</sup> Tosaíonn oideachas dara leibhéal nó ardscoil in Ontario ag grád a 9, agus an scoláire tuairim agus 14 bliana d'aois.



Tá struchtúr an churaclaim bunaithe ar bhunphrionsabail a chuireann bonn eolais faoin bpleanáil. Féachtar ar na réimsí gníomhaíochta mar mhodh trína mbainfidh an scoláire amach ionchais an chúrsa agus mar sin amháin.

Féachtar ar Scileanna Maireachtála mar réimse foghlama uileghabhálach agus forbraítear é trí eispéireas an Oideachais Sláinte agus Corpoideachas. Is iad Maireachtáil Ghníomhach; Inniúlacht Luaille: Scileanna, Coincheapa, Straitéisí; agus Maireachtáil Shláintiúil na snáitheanna eile. Cuireann an curaclam cur chuige comhtháite chun cinn. Leagann an léaráid thíos amach struchtúr an churaclaim do ghráid a 9–12:

<p><b>Scileanna Maireachtála</b></p> <p><b>Scileanna Pearsanta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Scileanna féinfheasachta agus féinmhnatóireachta</li> <li>• Scileanna oiriúnachta, bainistíochta agus scileanna chun an lámh in uachtar a fháil ar dheacrachtaí</li> </ul> <p><b>Scileanna Idirphearsanta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Scileanna cumarsáide</li> <li>• Scileanna caidrimh agus shóisialta</li> </ul> <p><b>Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Pleanáil</li> <li>• Próiseáil</li> <li>• Teacht ar thuairimí / torthaí a chur i láthair</li> <li>• Machnamh / meastóireacht</li> </ul>	<p><b>Snáithe A: Maireachtáil Ghníomhach</b></p>		
	<p><b>A1. Rannpháirtíocht Ghníomhach</b></p> <p>Rannpháirtíocht rialta, éagsúlacht, gníomhaíocht ar feadh an tsaoil</p> <p>Taitneamh, spreagadh</p>	<p><b>A2. Corpacmhainn fhisiceach</b></p> <p>Forbairt na corpacmhainne trí gníomhaíocht choirp laethúil, pleananna corpacmhainne pearsanta</p>	<p><b>A3. Sábháilteacht</b></p> <p>Sábháilteacht phearsanta agus sábháilteacht daoine eile le linn gníomhaíocht choirp</p>
	<p><b>Snáithe B: Inniúlacht Luaille: Scileanna, Coincheapa, Straitéisí</b></p>		
	<p><b>B1. Scileanna agus Coincheapa Luaille</b></p> <p>Scileanna luaille – cothromaíocht, gluaiseacht, láimhsiú</p> <p>Coincheapa luaille – feasacht choirp, iarracht, feasacht ar spásúlacht, caidrimh</p> <p>Prionsabail na luaille</p>	<p><b>B2. Straitéisí Luaille</b></p> <p>Comhphárteanna gníomhaíochtaí choirp</p> <p>Straitéisí agus bearta sna gníomhaíochtaí choirp uile</p>	
	<p><b>Snáithe C: Maireachtáil Shláintiúil</b></p>		
	<p><b>C1. Coincheapa Sláinte a Thuiscint</b></p> <p>Tuiscint a fháil ar na himthosca a chuireann le fás agus le forbairt shláintiúil</p>	<p><b>C2. Roghanna Sláintiúla A Dhéanamh</b></p> <p>Eolas sláinte a chur i bhfeidhm, cinntí a dhéanamh maidir le sláinte agus folláine phearsanta</p>	<p><b>C3. Naisc a dhéanamh do Mhaireachtáil Shláintiúil</b></p> <p>Naisc a dhéanamh chun sláinte agus folláine phearsanta a nascadh le daoine eile agus leis an</p>
	<p>Díríonn ionchais sa snáithe Maireachtáil Shláintiúil ar na ceithre thopaic sláinte seo a leanas. Is féidir le foghlaim faoi mheabhairshláinte agus folláine mhothúcháin a bheith mar chuid d'fhoghlaim a bhaineann leis na topaicí sláinte seo go léir, go díreach mar atá sí mar chuid d'fhoghlaim ar fud an churaclaim.</p>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bia Sláintiúil</li> <li>• Sábháilteacht Phearsanta agus Gortuithe a Chosc</li> <li>• Úsáid Substaintí, Andúil, agus Iompar Gaolmhar</li> </ul>		<p>Meabhairshláinte agus Folláine Mhothúchána</p>	

### Measúnú agus tuairisciú

Tugtar tacaíocht do mhúinteoirí agus measúnú á dhéanamh acu ar a scoláirí trí úsáid a bhaint as cairteacha gnóthachtála a leagann amach na leibhéil éagsúla a bhaintear amach, mar aon leis na catagóirí atá le meas. Cuireann an Aireacht Oideachais na cairteacha sin ar fáil. Déantar tuairisciú ar ghnóthachtáil na scoláirí ar an gCárta Tuairisce Cúige ag amanna sonracha sa bhliain. Is éard atá sa tuairisc sin ná taifead ar na creidiúintí curaclaim do OSSD.

## 4.3 An Curaclam in Albain

Sa Curriculum for Excellence in Albain, luaitear corpoideachas i réimse foghlama na Sláinte agus na Folláine. Is é an leithdháileadh ama a mholtar don Chorpoideachas ná dhá uair an chloig ar a laghad de chorpoideachas ardchaighdeán do gach páiste, gach seachtain. Tá struchtúr an churaclaim dírithe ar príomhinniúlachtaí, taithí agus torthaí, agus tagarmharcanna a ghabhann leo, chun tacú le breithiúnais ghairmiúla na gcleachtóirí. Is iad seo a leanas na príomhinniúlachtaí don Chorpoideachas:

- Scileanna, inniúlachtaí agus coincheapa luaile
- Comhoibriú agus iomaíocht
- Measúnú agus léirthuisint.

Moltar go gcuirtear raon leathan gníomhaíochtaí coirp ar fáil chun na príomhinniúlachtaí a fhorbairt. Tá sé de rogha ag scoláirí staidéar a dhéanamh ar an gcorpoideachas dá gCáilíocht Náisiúnta agus iad ag dul isteach in S4 (14–15 bliana d’aois) agus ar aghaidh. Cuireann Údarás Cáilíochtaí na hAlban mionsonraíochtaí cúrsa agus treoirínthe measúnaithe ar fáil don Chorpoideachas.

Tugtar breac-chuntas ar shonraíocht cúrsa Náisiúnta 3, a dhéanann scoláirí atá 14–15 bliana d’aois de ghnáth, anseo thíos:

<b>Aonaid foghlama</b>	<b>• Scileanna Taispeántais</b>	1. Raon bunscileanna luaile agus taispeántais a léiriú le linn gníomhaíochtaí coirp i gcomhthéacsanna coitianta.
------------------------	---------------------------------	--

	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Imthosca a mBíonn Tionchar Acu ar Thaispeántas</b></li> </ul>	<ol style="list-style-type: none"> <li>1. Eolas a léiriú ar na himthosca a mbíonn tionchar acu ar thaispeántas pearsanta i ngníomhaíochtaí coirp</li> <li>2. Forbairt a dhéanamh ar thaispeántas i ngníomhaíochtaí coirp</li> <li>3. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le taispeántas a forbairt</li> </ol>
--	---	--

*Fíor 5. Sonraíocht cúrsa Náisiúnta 3 don tSláinte agus Folláine*

Ceapadh na haonaid foghlama chun go bhfoghlaimeofar ó thaithí den chuid is mó agus tugann siad deis d'fhoghlaimeoirí bunscoilleana luaile agus taispeántais a forbairt, gnéithe den aclaíocht a fheabhsú, agus scileanna pearsanta agus idirphearsanta a fhoghlaim i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach acu orthu.

### **Measúnú agus tuairisciú**

Déanann múinteoirí ranga measúnú inmheánach mar chuid de mheasúnú cháilíocht Náisiúnta 3 agus déantar modhnóireacht go seachtrach chun a chinntiú go bhfuil na breithiúnais ag teacht le caighdeán náisiúnta agus ag cloí leo.

Déantar measúnú ar na haonaid sa chúrsa mar a leanas:

- Scileanna Taispeántais (Náisiúnta 3): Beidh ar an bhfoghlaimeoir bunscoilleana luaile agus taispeántais a léiriú le linn gníomhaíochtaí coirp i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach aige orthu, ag baint úsáide as cleachtais shábháilte. Tugann an tAonad deiseanna pearsantaithe agus rogha nuair atá na gníomhaíochtaí coirp a úsáidtear chun críocha an mheasúnaithe á roghnú.
- Na himthosca a mbíonn Tionchar acu ar Thaispeántas (Náisiúnta 3): Beidh ar an bhfoghlaimeoir a léiriú go bhfuil sé feasach ar imthosca a mbíonn tionchar acu ar thaispeántas. Déanfaidh an foghlaimeoir (le tacaíocht) monatóireacht, taifeadh agus machnamh ar thaispeántas i ngníomhaíochtaí coirp.

Léiríonn na samplaí a leagtar amach sa chuid seo an chaoi a gcuireann trí dhlínse cur chuige solúbtha agus neamhspleách i leith an chorpoideachais chun cinn agus comhsheasmhacht á cinntiú acu. De bharr nádúr an chorpoideachais, an rochtain ar acmhainní agus áiseanna, tá an tsolúbthacht sin ag teastáil. Is féidir foghlaim sa chorpoideachas a forbairt trí ghníomhaíochtaí coirp éagsúla, rud a thugann neamhspleáchas do scoileanna a gclár aonair a forbairt chun gur féidir leo an taithí is ábhartha agus is inrochtana a chur ar fáil do scoláirí. Tá tábhacht shuntasach le staid an chorpoideachais i réimse na folláine chomh maith. Cé go dtéann dlínsí eile i ngleic le réimse na folláine i réimse comhcheangailte curaclaim, 'oideachas sláinte agus corpoideachas', cumasaíonn an Creat don

tSraith Shóisearach go mbainfear amach foghlaim ghaolmhar trí cholúin eile na Folláine, mar OSPS, cláir threorach agus cláir scoilbhunaithe. Tugann na cuir chuige éagsúla léargas ar fhorbairt gníomhaíochtaí foghlama sa réimse seo fad atá siad ag tacú le measúnú agus tuairisciú.

## 5. Athbhreithniú ar Ghearrchúrsa

### Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar na príomhtheachtaireachtaí a d'éascair as an athbhreithniú ar an bpróiseas a bhain le gearrchúrsa corpoideachais na sraithe sóisearaí agus críochnaíonn sé le moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí dul i ngleic leo.

#### 5.1 Réamhrá:

Tugadh faoin athbhreithniú ar ghearrchúrsa an chorpoideachais idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020. Rinneadh an t-athbhreithniú sin a dhearadh chun a leanas a fhiosrú agus a mheas:

- eispéireas na múinteoirí agus na scoláirí ar oibriú leis an tsonraíocht agus a mhéad a chumasaíonn an tsonraíocht go mbainfear amach a haidhmeanna
- eispéireas an mheasúnaithe sa chorpoideachas
- eispéireas an chorpoideachais ar bhealach níos ginearálta sa tsraith shóisearach.

Is mian le CNCM buíochas a ghabháil leis na scoileanna a rinne éascaíocht ar na hagallaimh mar chuid den athbhreithniú, mar aon le feasacht a roinnt agus a ardú do ghuth an scoláire san am dúshlánach seo. Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil freisin leis an Roinn Oideachais, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus Cumann Corpoideachais na hÉireann (PEAI) as am a thógáil chun páirt a ghlacadh sna hagallaimh.

#### 5.2 An próiseas comhairliúcháin

De bharr na gcúinsí uathúla mar thoradh ar phaindéim Covid-19, bhí gá le hathmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí dul i gcomhairle le múinteoirí agus le scoláirí i ndeich scoil<sup>3</sup>, agus le páirtithe leasmhara eile, ar bhealach a bhí ag teacht le comhairle sláinte poiblí, ach go rabhthas fós in ann sonraí cabhracha agus fiúntacha a bhailiú.

---

<sup>3</sup> Tá an gearrchúrsa á chur ar fáil ag 11% de na scoileanna go léir.

Bailíodh aiseolas ar na bealaí seo a leanas:

- Rinneadh agallaimh duine le duine ar an nguthán le deichniúr múinteoirí corpoideachais. Roghnaíodh na múinteoirí chun cineálacha éagsúla scoileanna, comhthéacsanna agus limistéar tíreolaíochta a léiriú. Mhair gach agallamh thart ar uair an chloig.
- Roinneadh suirbhé ar líne le rogha randamach de scoláirí corpoideachais ón dara agus ón tríú bliain ón deich scoil thuas, agus ghlac 343 scoláire páirt sa suirbhé.
- Rinneadh glaonna gutháin agus glaonna físchomhdhála duine le duine le Cigireacht na Roinne Oideachais, le baill fhoireann corpoideachais na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí agus le Cumann Corpoideachais na hÉireann (PEAI).

## 5.3 Torthaí an athbhreithnithe

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar na torthaí a bhain le cur i bhfeidhm shonraíocht an ghearrchúrsa don chorpoideachas. Ar an mbealach sin, fiosraíonn sé tuairimí múinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara maidir leis an bhfoghlaim mar atá sí leagtha amach i ngearrchúrsa an chorpoideachais. Téitear i ngleic le haiseolas maidir le haidhm na sonraíochta, an taithí ar phleanáil le torthaí foghlama, mar aon le gnéithe eile den tsonraíocht.

### 5.3.1 Aidhm na sonraíochta

Ar an iomlán, braitheadh go mbreathnaíonn múinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara go dearfach ar an tsonraíocht. Bhí comhaontú ginearálta ann go raibh aidhm na sonraíochta á baint amach in áiteanna a raibh an gearrchúrsa á chur i bhfeidhm. Chuir múinteoirí agus páirtithe leasmhara fáilte roimh an mbéim ar mhuinín agus ar inniúlacht na scoláirí, roimh an gcuspóir go gcuirfí lena léirthuisicint don ghníomhaíocht choirp, agus roimh an mbéim ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Chuir múinteoirí agus páirtithe leasmhara fáilte roimh an aidhm eispéireas na scoláirí a fhorbairt ar bhealach níos iomlánaíche ná an cur chuige scilbhunaithe a bhíodh ann. Bhí an méid seo a leanas le rá ag múinteoir amháin maidir leis an taithí ar an ngearrchúrsa:

*Tugann sé deis do dhaoine óga a n-aistear sa chorpoideachas a fheiceáil ar fud na sraithe sóisearaí, tá sé tar éis a dtuisicint ar cad is corpoideachas ann a leathnú – Múinteoir Corpoideachais*

Tá an gearrchúrsa leagtha amach chun go dtabharfaí faoi sa dara agus sa tríú bliain, agus luaigh múinteoirí agus páirtithe leasmhara go bhfuil sé ríthábhachtach, mar gheall air sin, go dtagann an aidhm le cleachtas agus le taithí na chéad bhliana chomh maith.

Léiríodh imní maidir leis an taithí ar an gcorpoideachas, an raibh an chaoi a raibh sé á shamhlú sa ghearrchúrsa á baint amach go hiomlán ar scála níos mó. Déanann an tsonraíocht úsáid cur chuige nua i leith teagaisc, foghlama agus measúnú a chur chun cinn. Tuairiscíodh gur thug an gearrchúrsa roinnt athruithe isteach i gcleachtas an tseomra ranga, ach cheistigh roinnt múinteoirí agus páirtithe leasmhara a mhéad a chonacthas fíor-athrú.

Cheistigh roinnt múinteoirí agus páirtithe leasmhara a mhéad a cuireadh athrú i bhfeidhm sa chorpoideachas le linn athchóiriú na sraithe sóisearaí agus áit an chorpoideachais sa Chreat don tSraith Shóisearach. Mar a dúirt rannpháirtí amháin:

*Níor aistrigh mórán scoileanna chuig an ngearrchúrsa. Bhí sé comhthéacs-bhunaithe, bhí sé ag brath ar fhoireann agus ar thacaíocht. Níor spreag na roghanna aistriú. – PEAI*

Luaigh múinteoirí agus páirtithe leasmhara mórán cúiseanna don aiseolas seo. Cuireadh an t-athrú i bhfeidhm ar leibhéal éagsúla ag brath ar chomhthéacs aonair na scoile agus i measc na n-imthosca sin bhí: foireann, spreagadh na múinteoirí corpoideachais chun athrú, na háiseanna agus na hacmhainní a bhí ar fáil, agus tuairimí maidir le hathchóiriú na sraithe sóisearaí i dtaca leis an gcorpoideachas. Braitheadh go raibh stádas an chorpoideachais faoi bhagairt agus de bharr gur rangáodh an corpoideachas mar ghearrchúrsa braitheadh go raibh íslíú céime á thabhairt don ábhar. Thuairiscigh múinteoirí agus roinnt páirtithe leasmhara nach raibh raon na roghanna a bhí ar fáil sa tsraith shóisearach chun an corpoideachas a chur ar an gclár ama soiléir. Dá bhrí sin, bhí sé ní b'fhusa cloí leis an gcleachtas traidisiúnta nuair a bhí pleannanna á leagan amach.

Breathnaíodh ar easpa foirne lánaimseartha i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach an Chorpoideachais sa tsraith shóisearach agus easpa macasamhlacha sa ghearrchúrsa mar chonstaicí breise chun an gearrchúrsa a thabhairt isteach. Luadh deacrachtaí an chaidrimh thionsclaíoch le linn athchóiriú na sraithe sóisearaí mar dhúshlán chomh maith.

*I measc na gconstaicí i leith rannpháirtíochta [bhí] easpa soiléireachta sa chóras, easpa teachtaireachtaí leanúnacha ó pháirtithe leasmhara, staid an chaidrimh thionsclaíoch agus an tuairim go raibh íslíú céime á thabhairt don chorpoideachas. – Múinteoir Corpoideachais*

*Bíonn drogall ar dhaoine áirithe sa rannóg dul i ngleic le hathrú agus mura gceapann siad go gcaithfidh siad, agus má cheapann siad go bhfuil an méid atá ar*

*siúl acu ag dul ar aghaidh go breá, cén fáth a n-athróidís? – Múinteoir Corpoideachais*

Le linn phróiseas an athbhreithnithe ar an ngearrchúrsa, fiafraíodh de na scoláirí a mhéad a bhraith siad gur bhain siad amach gnéithe éagsúla d’aidhm an ghearrchúrsa. Ba é an comhaontú ba mhó ná ‘Tuigim an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht choirp a chuireann leis an tsláinte’. Luaigh 78.3% díobh go n-airíonn siad é sin ‘an-chuid’; luaigh 19.3% díobh go n-airíonn siad é sin ‘beagáinín’ agus luaigh 2.4% nach mbraitheann siad ‘in aon chor’ é. Ina dhiaidh sin, bhí an réimse a bhain leis an mothú a bheith tiomanta do bheith gníomhach go fisiciúil sa todhchaí, agus ina dhiaidh sin arís, a bheith ag aireachtáil níos muiníne agus níos oilte.<sup>4</sup>

Cé go raibh an gearrchúrsa ar fáil do scoileanna in 2016, bhí moill ar scoileanna páirt a ghlacadh ann de bharr raon na roghanna a bhí ar fáil do scoileanna sa chorpoidéachas. Ní go dtí blianta beaga anuas go raibh gnéithe amhail Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) agus cruinnithe um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) ar siúl sa chorpoidéachas.

Nuair a fiafraíodh de mhúinteoirí san athbhreithniú maidir lena spreagadh chun an gearrchúrsa a chur i bhfeidhm, léiríodh na torthaí a leanas: go bhfuil an tsonraíocht ag teacht lena bhfís don chorpoidéachas; go dtugann sé deis taithí na scoláirí agus a rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a nascadh lena bpobail; go bhfuil breis deiseanna foirmeálta ann don mheasúnú agus tuairisciú; agus go bhfuil deis ann soláthar an chorpoidéachais a fheabhsú do raon leathan foghlaimoirí. Tugtar eolas breise maidir leis na pointí sin anseo a leanas.

I measc na dteachtaireachtaí sonracha bhí:

*Is breá liom an bhéim ar ghníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil, ag cur le muinín na scoláirí thar raon leathan gníomhaíochtaí coirp. – Múinteoir Corpoideachais*

*Tá sé níos inrochtana ná Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí [Siollabas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí, 2003]... tá níos lú snáitheanna ann ach tá deiseanna ann rudaí a chur in oiriúint, rogha a dhéanamh, agus an fhoghlaim a idirdhealú. – Múinteoir Corpoideachais*

*Nuair a leagtar béim ar mhachnamh, tugtar deis do scoláirí plean a dhéanamh go rachaidh siad i bhfeabhas sa tslí is gur féidir le gach scoláire aireachtáil go bhfuil dul chun cinn pearsanta á dhéanamh acu. – Múinteoir Corpoideachais*

---

<sup>4</sup> Suirbhé scoláirí CNCM, ceist 1. Féach Aguisín C don suirbhé iomlán.



### 5.3.2 Torthaí foghlama

Chuir múinteoirí fáilte roimh an gcur chuige maidir le torthaí foghlama le linn an athbhreithnithe, ach luadh freisin nach raibh sé gan a chuid dúshlán féin. Labhair múinteoirí go dearfach maidir lena neamhspleáchas a choinneáil agus go raibh siad ag baint sult as solúbthacht na dtorthaí foghlama a bhí ar fáil. Cheadaigh solúbthacht na sonraíochta do churaclam an chorpoideachais tacú níos fearr leis an mbéim ar an bhFolláine sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015). Nuair a ceistíodh an méid tionchair a bhí ag clár Folláine na Sraithe Sóisearaí ar a bpleanáil, luaigh múinteoir amháin a leanas:

*Tá an tsolúbthacht agat aonaid foghlama a chomhchruthú, bainim leas as guth an scoláire agus déanaimid critéir ratha a fhorbairt le chéile, chomh maith leis an gcaoi ar mhaith leo go ndéanfaí iad a mheasúnú. – Múinteoir Corpoideachais*

Luaigh múinteoir amháin gur spreag sé comhoibriú, á rá:

*D'fhéadfaimis i ndáiríre leathnú amach chun comhoibriú le hábhair eile mar chuid den Chlár Folláine. – Múinteoir Corpoideachais*

Luaigh múinteoirí gur mhian leo go mbeadh ní ba mhó tacaíochta ar fáil agus taithí foghlama á bpleanáil agus cleachtais mheasúnaithe á bhforbairt, atá ag teacht leis an gcur chuige scoláire-láraithe a leagtar amach sa tsonraíocht. Bhí sé sin le brath freisin nuair a bhí múinteoirí ag tuairisciú go raibh an gearrchúrsa 'furasta le húsáid' ach mheas siad gur thóg an phleanáil, ag baint úsáid as torthaí foghlama, an-chuid ama agus go raibh sé dúshlánach i gcomparáid leis an gcleachtas a raibh cur amach acu air, is é sin cur chuige scilbhunaithe. Ach luaigh na múinteoirí chomh maith go raibh an phleanáil ag éirí níos fusa de réir mar a bhí siad ag cur eolas ar na torthaí foghlama.

*Ag an tús, thóg sé an-chuid ama an phleanáil a dhéanamh leis na torthaí foghlama ach le gach cohórt nua scoláirí, bhí sé ní b'éasca agus ní raibh ach mionathruithe le déanamh don rang áirithe. sin. Sna laethanta tosaigh, bhí sé ní b'fhusa dul i ngleic leis na torthaí foghlama a bhí ag teacht le Corpoideachas traidisiúnta na Sraithe Sóisearaí [Siollabas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí 2003], m.sh. scileanna agus teicníc. Theastaigh ní ba mhó machnaimh agus oibre ó na torthaí foghlama eile. – Múinteoir Corpoideachais*

Breathnaíodh ar dhul i ngleic leis na torthaí foghlama mar thacaíocht d'eispéireas níos scoláire-láraithe, gur cuireadh ar cumas na scoláirí úinéireacht a ghlacadh as a bhfoghlaím féin, agus thuairiscigh scoláirí méadú ina rannpháirtíocht sa Chorpoideachas:

*Mheas mé go raibh an clár ceithre seachtaine damhsa, Zumba, gárthóireachta molta agus CrossFit an-suimiúil. Ba dheis iontach é foghlaim faoi gach gníomhaíocht. Ghlac mé páirt i rang damhsa áitiúil fiú toisc go raibh an clár seo an-úsáideach. – Scoláire*

*Bhí sé an-suimiúil foghlaim faoi bhia sláintiúil agus faoin aclaíocht mar theastaigh uaim eolas a fháil ar shaol na corpacmhainne agus chuir sé go mór le mo chuid folláine. – Scoláire*

*Chuidigh an gearrchúrsa liom scileanna nua a fhorbairt i spóirt dhifriúla nach mbeadh déanta agam roimhe sin, agus chuidigh sé liom tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le bheith gníomhach agus sláintiúil agus teastaíonn uaim bheith níos gníomhaí i mo shaol laethúil dá bharr. – Scoláire*

*Airím ar nós go dtuigim mo chorpacmhainn níos fearr agus go bhfuil tuiscint níos fearr agam ar an gcaoi le mo chuid scileanna corpacmhainne a fhorbairt agus a fheabhsú. – Scoláire*

*Chonaic mé mórán athruithe ar mo chumais chorpacmhainne le linn an chúrsa seo, táim níos láidre agus tá muinín níos fearr agam as rudaí nár theastaigh uaim tabhairt fúthu. Anois braithim go ndéanfainn rud ar bith a bhaineann le corpacmhainn. – Scoláire*

Ach ba é an téama a bhí ag teacht chun cinn a bhain le heispéireas an ghearrchúrsa ná go rabhthas ag céim luath den phleanáil ag baint úsáid as torthaí foghlama agus dearadh an mheasúnaithe. Braitheadh nach raibh athrú á spreagadh de bharr éagsúlacht na roghanna atá ar fáil chun corpoideachas a sholáthar sa tsraith shóisearach agus go raibh drogall ar mhúinteoirí athrú ón gcleachtas roimhe sin, áit a raibh siad muinéach ina gcuid pleanála. Mar thoradh air sin bhí cleachtais dhifriúla ag teacht chun cinn ag brath ar chomhthéacs aonair an mhúinteora:

*...tá easpa inspreagtha ann chun bogadh i dtreo an ghearrchúrsa de bharr easpa eolais agus muiníne. – Cigireacht na Roinne Oideachais*

Ach, bunaithe ar nádúr an chorpoideachais sa tsraith shóisearach, bhí múinteoirí in ann gnéithe den ghearrchúrsa a fhiosrú. Labhair múinteoirí faoi thriail a bhaint as cúpla toradh foghlama nó as gnéithe den Mheasúnú Rangbhunaithe gan gabháil orthu féin tabhairt faoin gcúrsa iomlán. Chuir múinteoirí agus páirtithe leasmhara in iúl go raibh tionchar mór ag cleachtas agus ag cultúr roimhe sin ar phleanáil ach d'admhaigh siad freisin gur féidir leis na torthaí foghlama tacú le tuiscint níos iomlánaíche ar an gcorpoideachas.

Chruthaigh struchtúr an ghearrchúrsa, a eagraítear mar cheithre shnáithe, roinnt ceisteanna tuisceana do mhúinteoirí, rud a luadh mar dhídhreasú chun tabhairt faoin gcúrsa. Roimhe sin, bhí siollabas corpoideachais na sraithe sóisearaí (2003) struchtúrtha timpeall ar sheacht réimse gníomhaíochta agus cé go bhfuil na réimsí gníomhaíochta go léir mar chuid den ghearrchúrsa, rinneadh plé ar an gcuma gur gearradh nó gur tugadh ísliú céime ó sheacht gcinn go ceithre cinn.

Léirigh múinteoirí agus páirtithe leasmhara a bhí ag plé leis an ngearrchúrsa tuairimí maidir le réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú laistigh den tsonraíocht. Díríodh an plé ar na fearainn foghlama a léirítear agus ar an imní maidir le ceannas an fhearainn mhothachtálaigh ar an bhfearann sícealuaile agus cognaíoch. Ardaíodh an cheist maidir leis an mbuntáiste a bheadh ann dá ndéanfaí fothaca eolaíochta na foghlama ní ba shoiléire.

Ceapadh go raibh Snáithe 1 an-'fhoclach' agus sách mór i gcomparáid le snáitheanna eile. Rinneadh plé láidir maidir leis an moladh go mbeadh snáithe 1 ina shnáithe uileghabhálach.

Sainnadh go raibh soiléireacht ag teastáil i réimsí faoi leith. Rinne athrá an téarma 'machnamh' sna torthaí foghlama tuairimí na rannpháirtithe a roinnt: chuir cuid acu fáilte roimh an athrá agus mhothaigh siad gur leag sé béim riachtanach, ach ar an taobh eile, mheas daoine eile gur chruthaigh sé mearbhall. Labhair múinteoirí go sonrach maidir leis an dúshlán a bhain le scileanna machnaimh a fhorbairt i scoláirí, agus luaigh scoláirí mothúcháin dhiúltacha i leith 'gné scríofa' an chorpoidéachais. Mar a dúirt múinteoir amháin:

*De bharr dhianghlasáil Covid, mhol mé straitéisí difriúla do na scoláirí le machnamh a dhéanamh agus sílim gur chuidigh sé sin go mór... sílim gur gá roghanna eile a thabhairt dóibh seachas peann agus páipéar amháin. – Múinteoir Corpoideachais*

### 5.3.3 Teagasc sa seomra ranga, foghlaim agus measúnú leanúnach

Ar cheann de na príomhthorthaí a fuarthas maidir le teagasc sa seomra ranga, foghlaim agus measúnú bhí an dúshlán lóistíochtúil a bhain le gearrchúrsa a mhaireann 100 uair an chloig a dhéanamh laistigh den tairseach íosta de 135 uair an chloig atá luaite le corpoideachas na sraithe sóisearaí. Thuig na múinteoirí an gá le clár na chéad bhliana a fhorbairt sula ndeachaigh siad ar aghaidh leis an ngearrchúrsa sa dara agus sa tríú bliain ach d'airigh siad nach raibh ionchais shoiléire ná tacaíocht ar fáil chun a gclár corpoideachais a fhorbairt.

*Tá easpa taithí agus muiníne i ndearadh an churaclaim, agus easpa tuisceana ar an measúnú. Cé gur iontach an rud é an neamhspleáchas bhí sé ag iarraidh ar an gcóras tabhairt faoi rud éigin nach raibh na scileanna aige a dhéanamh. – An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí*

Rinneadh machnamh ar an athrú béime ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú, a bhí ann mar gheall ar an ngearrchúrsa, agus ar leibhéal níos mó, mar gheall ar an gCreat don tSraith Shóisearach.

Thuairiscigh múinteoirí agus páirtithe leasmhara na dúshláin a bhain le hathrú den chineál sin. Bhí comhaontú ginearálta ann gurb é an srian ba mhó do mhúinteoirí a bheith ag cur na foghlama sa ghearrchúrsa i gcrích ná an cleachtas de bheith ag forleagan an ghearrchúrsa ar an gcleachtas a bhí ann roimhe i gcorpoidéachas na sraithe sóisearaí (2003).

*...múinteoirí a raibh úsáid á baint acu as Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí [Siollabas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí, 2003] ba ríshoiléir cérbh í an fhoghlaim bheartaithe. Thug na torthaí foghlama mórán neamhspleáchais agus bhí múinteoirí ag streachailt leis an domhainfhoghlaim toisc nach raibh siad ag tochailt síos a dhóthain. – An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí*

Chun go mbainfí amach acmhainn an ghearrchúrsa sa seomra ranga, ní mór go mbeadh tuiscint ag múinteoirí ar an gCreat don tSraith Shóisearach agus ar staid an ghearrchúrsa laistigh den Chreat. Ag eascairt as comhráite le múinteoirí agus páirtithe leasmhara, bhí inní ann go raibh na hathchóirithe maidir leis an gcorpoideachas á gcur i bhfeidhm go teoiriciúil ach nach raibh an acmhainn don chorpoidéachas laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach á baint amach go hiomlán go fóill:

*Níl acmhainn an chorpoidéachais bainte amach go fóill, go dtí seo bhí daoine díreach ag dul ar aghaidh le cúrsaí mar ba ghnáth, ach le tuilleadh soiléireachta maidir le tuairisciú srl. tá daoine ag tosú ag leasú a gcleachtas. – Cigireacht na Roinne Oideachais*

Bhí luach ag rannpháirtithe ar an tsolúbthacht a bhain le corpoideachas na sraithe sóisearaí agus bhraith siad gur thug sé deis a gcláir féin a fhorbairt a d’oirfeadh níos fearr do riachtanais a scoláirí. Coinníodh an tsolúbthacht sin agus ba léir go raibh béim ní ba mhó á leagan uirthi mar chuid den ghearrchúrsa. Luaigh na rannpháirtithe an neamhspleáchas ní ba mhó a bhí ag múinteoirí corpoideachais ina ranganna, ag rá go raibh leibhéal an chompoird á léiriú acu i gcónaí agus iad i mbun pleanála, ag baint leas as curaclam leathan chun freastal ar riachtanais a scoláirí, ag brath ar chomhthéacsanna faoi leith, bonneagar agus an trealamh a bhí ar fáil. Ba rud é seo a raibh luach air laistigh den chóras.

*Is féidir le múinteoirí corpoideachais ‘fuineadh de réir na mine’ ar mhaithe le leasanna agus inniúlachtaí a scoláirí. Tá sé ábhartha, solúbtha, agus tá raon leathan ann le roghnú mar is áil leat. – Múinteoir Corpoideachais*

*De bharr chineál praiticiúil na foghlama agus an raon roghanna atá ann, tugann sé deis do gach scoláire a bheith rannpháirteach. – Múinteoir Corpoideachais*

Ach luadh go raibh gá le níos mó tacaíochta agus soiléireachta chun an teagasc, an fhoghlaim agus na cleachtas mheasúnaithe a fhorbairt ar mhaithe le hoideachas ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus ábhartha, mar a ndéantar cur síos air sa Chreat don tSraith Shóisearach. Tá gá le hionchais shoiléire maidir le clár corpoideachais na sraithe sóisearaí mar aon le tacaíocht chun measúnú a dhéanamh ar an gcuraclam.

Rinne na múinteoirí plé ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag rochtain ar acmhainní agus ar áiseanna ar dhearadh a gcláir corpoideachais agus luadh go mbíonn rochtain dhifriúil ag scoileanna éagsúla, agus dá bharr sin go mbíonn taithí na scoláirí an-difriúil lena chéile. Mar a dúirt múinteoir amháin:

*Bhí tionchar ollmhór ag an easpa áiseanna inár scoil ar an bpleanáil don ghearrchúrsa. Ba mhinic a raibh dhá rang nó níos mó curtha sa chlár ama ag an am céanna agus dá bharr sin athraíodh an plean ag an nóiméad deireanach ag brath ar an aimsir agus ar rochtain. Tá sé seo curtha ina gceart anois le halla spóirt nua agus le seomra corpacmhainne. – Múinteoir Corpoideachais*

### 5.3.4 Measúnaithe Rangbhunaithe

Mar a leagadh amach roimhe seo, tá ceithre MRB faoi leith ann do gach snáithe sa ghearrchúrsa. D'fháiltigh rannpháirtithe roimh an gcur chuige foirmeálta i leith measúnú agus tuairisciú i sonraíocht an ghearrchúrsa.

Cosúil le torthaí eile, luadh an easpa soiléireachta nó athrú mar dhíspreagadh chun dul i ngleic le cur chuige níos foirmeálta i leith measúnú. Ach chuir na múinteoirí a chuaigh i ngleic le MRBanna fáilte roimh an deis aitheantas foirmeálta a thabhairt d'fhoghlaim agus do ghnóthachtáil na scoláirí sa chorpoideachas. D'airigh siad gur chuir sé le stádas an chorpoideachais mar ábhar, agus ar an iomlán, chomhaontaigh siad gur feabhsaíodh caighdeán fhoghlaim agus rannpháirtíocht na scoláirí sa chorpoideachas tríd an rannpháirtíocht i MRB. Labhair na múinteoirí go dearfach faoin gcaoi a raibh MRBanna ag leagan amach sprioc shoiléir don fhoghlaim sa chorpoideachas.

Thuairiscigh múinteoirí agus páirtithe leasmhara nach raibh sé gan dúshlán, bhí an chosúlacht air go raibh rochtain ní b'fhearr ar shaineolas na múinteoirí i gcuid de na réimsí. Go traidisiúnta, is iondúil go dtugtar faoin taispeántas deiridh sa ghleacaíocht nó sa damhsa. Ach chuir meastóireacht ar ghnóthachtáil i réimsí amhail cluichí dúshlán roimh ghnásanna na múinteoirí i dtaca le measúnú a dhéanamh ar inniúlacht na scoláirí.

Labhair múinteoirí a raibh MRBanna déanta acu lena scoláirí go dearfach faoin taithí agus faoi na deiseanna a bhí ann:

*Thug an measúnú foirmeálta téagar agus próifíl mhéadaithe don chorpoideachas, a raibh fáilte roimpi. – Múinteoir Corpoideachais*

*Tógfaidh sé am go dtarlóidh an t-aistriú cultúrtha ón áit nach raibh measúnú ina ghné foghlama sa chorpoideachas go dtí áit inar féidir le héachtaí foghlama na scoláirí a bheith mar chuid de Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. – Múinteoir Corpoideachais*

*Fásann muinín na múinteoirí i leith MRBanna de réir mar a thugann siad faoin taithí an athuir. Bíonn am ag teastáil. Chonacthas gur mhór an cuidiú é bheith ag comhoibriú le comhghleacaí nó comhghleacaithe laistigh agus/nó taobh amuigh de na scoileanna. – An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí*

Le himeacht aimsire, bhraith múinteoirí go gcuirfidís lena muinín agus leis an gcur amach a bhí acu ar na cleachtais a chuidíonn le tacú le foghlaim i MRBanna. Mar a dúirt múinteoir amháin:

*...bhí an cur chuige traidisiúnta a bhíodh agam an-difriúil, leis an gcur chuige foirmeálta seo sa ghearrchúrsa, thug mé isteach teanga a bhaineann le MRBanna agus bhíodh comhráite leanúnacha agam leis na scoláirí... Bhí mé in ann an fhoghlaim ó MRB a chur in iúl do thuismitheoirí. – Múinteoir Corpoideachais*

Rinneadh plé ar an athrú sa chur chuige i leith an chorpoidéachais a theastaíonn ó pháirtithe leasmhara, ó cheannairí scoile, ó thuismitheoirí agus ó scoláirí. Tá tuairimí daingne ann maidir le cad is corpoideachas ann agus má táthar chun athrú uaidh sin, beidh dúshlán ag baint leis. Thuairiscigh múinteoirí gur mhór an cúnamh iad na comhráite gairmiúla agus an comhoibriú nuair a bhí cleachtas an mheasúnaithe fhoirmithigh á fhorbairt acu san fhoghlaim. Rinne na múinteoirí sa chomhairliúchán plé ar an aistriú ó bheith ‘ag déanamh’ go bheith ‘ag foghlaim’ sa chorpoidéachas agus luadh nár cheart an t-athrú cleachtais sin a mheas faoina luach. Theastaigh an tacaíocht chuí ó mhúinteoirí chun measúnú a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.

*Mheas mé go raibh an AFMÁ [Cruinniú Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair] an-tairbheach agus go raibh go leor eolais ann. B’iontach an léargas a fháil ar bhealaí oibre nó cuir chuige ghairmiúla eile agus rinne sé cuid de mo chleachtais féin a athdhearbhú. – Múinteoir Corpoideachais*

Luadh go minic go raibh dúshlán ag baint le bheith ag tógáil ar chumas na scoláirí a bheith ag machnamh go cúramach. Chríochnódh na scoláirí MRB go maith, ach de bharr go ndearna siad machnamh lag, bhronnfaí tuairisceoir ní b’íse. Teastaíonn tacaíocht bhreise chun cabhrú le scoláirí an scil seo a fhorbairt, amhail forbairt ghairmiúil i réimse na n-ocht bpríomhscil agus úsáid na dtáscairí folláine. Luadh freisin gur scil thrasnaí é machnamh mar chuid den Chreat don tSraith Shóisearach, agus seans go n-éireoidh sé seo níos fusa de réir mar a shocraítear isteach sa chreat. Cuireadh fáilte roimh an tsoiléireacht a tugadh sna Treoirlínte Folláine maidir le tuairisciú ar an gcorpoidéachas.

## 6. Conclúid

Tá forbairt déanta ar staid an chorpoideachais mar ábhar curaclaim ó na 1960idí, agus sa lá atá inniu ann is réimse bunúsach foghlama é sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015), ar mhaithe le mórán forbairtí dearfacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Is suntasach an bhéim ar an gcorpoideachas sa chreat: tá sé mar phríomhchólún i réimse na Folláine; is réimse éigeantach staidéir é; agus tá sé bainteach leis an measúnú agus tuairisciú foirmeálta mar chuid de Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí den chéad uair riamh. Chruthaigh sé sin bonn láidir le haghaidh forbairtí breise, as a bhfuil ceachtanna foghlamtha chun tacú leis na chéad chéimeanna eile. Is léir go bhfuil gá le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, chun a muinín sa phleanáil le torthaí foghlama a fhorbairt, agus a gcumas tacú le foghlaim trí chleachtais fhoirmitheacha agus shuimitheacha mheasúnaithe.

Is gné uathúil laistigh de chlár sraithe sóisearaí scoile é an leithdháileadh ama de 135 uair an chloig a bhaineann leis an gcorpoideachas amháin, agus teastaíonn soiléireacht bhreise maidir le soláthar curaclaim chun tacú le cur chuige níos comhtháite i leith pleanála don chorpoideachas i gclár na sraithe sóisearaí.

D'iarr an Roinn Oideachais ar CNCM sonraíocht a fhorbairt le haghaidh cúrsa a mhairfeadh 135 uair an chloig ar a laghad, cúrsa a thiocfadh leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), atá bunaithe ar an ngearrchúrsa reatha agus a bhaineann ábhar as Siollabas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí (2003). Tharraing an t-athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm luath aird ar réimsí atá le meas, amhail, ach gan a bheith teoranta d'acmhainn snáithe uileghabhálaigh a fhiosrú, an chaoi a dtugtar faoi mhachnamh laistigh den tsonraíocht agus fearainn chognaíocha agus shícealuail na dtorthaí foghlama a fhiosrú.

Beidh sé tábhachtach a chinntiú go dtacaíonn an fhorbairt seo le saineolas na múinteoirí i leith cláir leathana agus chothroma sa chorpoideachas a fhorbairt, saincheaptha do riachtanais aonair agus comhthéacsanna faoi leith. Is féidir leibhéal suntasach neamhspleáchais agus solúbthachta a choimeád fós, agus curaclam á thairiscint a dhéanann ceiliúradh ar dhea-chleachtas agus a thugann eolas, scileanna agus meonta ginearálta agus trasnacha a theastaíonn mar bhonn daingean sa chorpoideachas.

## 7. Sonraíochtaí sa tsraith shóisearach

Cé go bhféadfadh saintréithe faoi leith a bheith ag roinnt acu, ag eascairt ón réimse foghlama atá i gceist, tá roinnt gnéithe comónta ag gach sonraíocht sa tsraith shóisearach, i gcás na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí. Beidh a leanas ag baint leo

- beidh siad bunaithe ar thorthaí
- léireoidh siad leanúntas foghlama ina ndírítear ar dhul chun cinn an fhoghlaim
- leagfaidh siad amach ionchais shoiléire don fhoghlaim
- soláthróidh siad samplaí de na hionchais sin
- cuimseoidh siad fócas ar na hocht bpríomhscil
- féachfaidh siad chuige go mbíonn an teanga a úsáidtear soiléir agus an téarmaíocht leanúnach
- leagfaidh siad amach cur chuige i leith measúnú agus tuairisciú.

Chun feabhas a chur ar an nasc le foghlaim agus le teagasc sa bhunscoil, comhroinntear na tréithe seo le Curaclam na Bunscoile. Áireofar sa tsonraíocht:

1	Intreoir don tsraith shóisearach	Intreoir chomónta a bheidh inti do gach sonraíocht agus tabharfar achoimre inti ar na príomhghnéithe den <i>Chreat don tSraith Shóisearach</i> .
2	Réasúnaíocht	Déanfar cur síos anseo ar chineál agus ar chuspóir an ábhair chomh maith leis na riachtanais agus na hinniúlachtaí ginearálta a bheidh ar scoláirí a léiriú agus a n-éileoidh sé orthu. Déanfar iarracht sa téacs, mar is cuí, aird a tharraingt ar dhúshláin agus ar aon cheist rochtana a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an ábhar do scoláirí a bhfuil sainriachtanais acu nó do scoláirí faoi mhíchumais.
3	Aidhm	Tabharfar cur síos gonta anseo ar aidhm an ábhair.



4	Naisc le: Ráitis foghlama Príomhscileanna	Aibhseofar agus míneofar an chaoi a nasctar an t-ábhar le gnéithe lárnacha foghlama, teagaisc agus measúnaithe sa tsraith shóisearach.
5	Forbhreathnú Snáitheanna Torthaí foghlama	Léireoidh forbhreathnú ar an ábhar an chaoi a n-eagraítear é agus leagfar amach ann, i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama, an fhoghlaim a bhíonn i gceist.
6	Naisc le Treoirlínte Folláine agus leis na táscairí folláine	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Gníomhach</li> <li>▪ Freagrach</li> <li>▪ Ceangailte</li> <li>▪ Athléimneach</li> <li>▪ Meas</li> <li>▪ Feasach</li> </ul>
7	Ionchais maidir le scoláirí	Beidh siad seo nasctha le grúpaí de thorthaí foghlama agus bainfidh siad le samplaí d'obair scoláirí. Cuirfear nótaí leis na samplaí, ina mínítear an bhfuil an obair ag teacht le hionchais do scoláirí, chun tosaigh orthu, nó taobh thiar díobh.
8	Measúnú agus tuairisciú	<p>Tagraíonn an roinn seo do mheasúnú foirmitheach agus do mheasúnú suimitheach araon. Tugtar breac-chuntas ann ar na comhpháirt(eanna) measúnaithe trína gcuirfidh scoláirí fianaise ar fhoghlaim i láthair ar bhonn leanúnach, agus ar mhaithe le gnóthachtáil a thaifeadh le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.</p> <p>Cuirtear leis an gcur síos seo ar an measúnú trí shonraíochtaí measúnaithe agus trí threoirlínte ar leith a bheidh le húsáid sa dara agus sa tríú bliain.</p>

# 8. Páipéar treorach le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt an chorpoideachais sa tsraith shóisearach

Mar chuid den athbhreithniú ar chorpoideachas na sraithe sóisearaí déanfar forbairt ar Shonraíocht Chorpoideachais na Sraithe Sóisearaí, a cheapfar le haghaidh 135 uair an chloig ar a laghad d'am teagmhála ranga agus a bheidh ar an leibhéal comóna. Beidh an teimpléad as a mbainfear leas ar aon dul leis an teimpléad do shonraíochtaí na sraithe sóisearaí mar a leagtar amach thuas.

Beidh na prionsabail d'oidreachas na sraithe sóisearaí, mar atá siad sa Chreat don tSraith Shóisearach, mar threoir agus mar bhonn taca ag na príomhchinntí a dhéanfar i bhforbairt na sonraíochta don chorpoideachas. Ina saothar, tuigfidh an mheitheal forbartha a mhéad a bhaineann an tsonraíocht le ráitis éagsúla foghlama sa Chreat don tSraith Shóisearach; na táscairí folláine; agus an chaoi a bhféadfadh sí cabhrú le scoil pleanáil a dhéanamh agus a chlár sraithe sóisearaí a mheas.

Déanfar príomhscileanna na sraithe sóisearaí a leabú i dtorthaí foghlama na sonraíochta, a cheapfar chomh maith chun go gcinnteofar dul chun cinn agus leanúnachas cuí ón mbunoideachas, agus comhsheasmhacht leis na forbairtí curaclaim is déanaí sa tsraith shinsearach.

Le bheith níos sonraíche, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh orthu seo a leanas:

- an chaoi leis an soláthar curaclaim a leathnú, mar a leagtar amach sa ghearrchúrsa corpoideachais, chun freastal ar 35 uair an chloig breise ar a laghad
- torthaí an athbhreithnithe ar an gcur i bhfeidhm luath mar a leagtar amach i gCuid 5 den pháipéar
- an chaoi lena chinntiú go bhfuil an corpoideachas ag teacht leis na Treoirínte Folláine nuashonraithe
- an chaoi lena chinntiú go bhfuil dóthain solúbthachta i ndearadh na sonraíochta chun a chur ar chumas na múinteoirí plean a leagan amach do raon cuimsitheach gníomhaíochtaí do scoláirí

- an chaoi le spreagadh a thabhairt do neamhspleáchas scoláirí agus cumas bainteach i dtreo foghlama ar feadh an tsaoil, taitnimh, agus rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp
- an chaoi le glacadh le teicneolaíocht san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú a bhaineann leis an tsonraíocht, ar bhealach a fhágann gur tomhaltóirí digiteacha agus cruthaitheoirí iad na scoláirí
- sainathint na dtacaíochtaí atá de dhíth le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil.

Beidh obair mheitheal forbartha ábhar corpoideachais na sraithe sóisearaí bunaithe ar an bpáipéar treorach seo ar an gcéad dul síos. Agus an mheitheal i mbun oibre agus plé, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a mhionleasú agus pointí eile a chur leis an bpáipéar treorach.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích don Chomhairle sa dara ráithe de 2021.

# Tagairtí

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority. (2015). *Health and physical education*. Ar fáil ar: <https://www.australiancurriculum.edu.au/f-10-curriculum/learning-7-10/>

Curriculum for Excellence Scotland. *Health and wellbeing – Expectations and outcomes*. Ar fáil ar: <https://education.gov.scot/Documents/health-and-wellbeing-eo.pdf>

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2003). *An tSraith Shóisearach: Corpoideachas* Ar fáil ar: [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/def05e26-1b2f-4c4f-9f76-6dfff3e1c482/JCSEC21\\_Physical-Education\\_syllabus\\_gaeilge.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/def05e26-1b2f-4c4f-9f76-6dfff3e1c482/JCSEC21_Physical-Education_syllabus_gaeilge.pdf)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). (2004). *Rialacha agus Clár do Mhéanscoileanna 2004/05* Ar fáil ar: [https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Rialacha-le-haghaidh-Scoileanna/Rialacha\\_agus\\_Clár\\_do\\_Mheanscoileanna\\_2004\\_2005.pdf](https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Rialacha-le-haghaidh-Scoileanna/Rialacha_agus_Clár_do_Mheanscoileanna_2004_2005.pdf)

An Roinn Oideachais (RO). (1973). *Rialacha agus Clár do leith na Meánscoileanna 1973/74*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

An Roinn Oideachais (RO). (1987). *Rialacha agus Clár do leith na Meánscoileanna 1973/74*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). (2015). *Creat don tSraith Shóisearach 2015*. Ar fáil ar: <https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). (2017). *Sonraíocht don Chorroideachas: An Ardteistiméireacht*. Ar fáil ar: [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/24773780-46da-4e44-b054-ee0ca02245dd/LCPE\\_Specification\\_ga.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/24773780-46da-4e44-b054-ee0ca02245dd/LCPE_Specification_ga.pdf)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). (2019). *Ciorclán 0055/2019*. Ar fáil ar: [https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0055\\_2019\\_ir.pdf](https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0055_2019_ir.pdf)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). (2019). *Ciorclán 0070/2020*. Ar fáil ar: [https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0070\\_2020\\_ir.pdf](https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0070_2020_ir.pdf)

An Roinn Sláinte. (2016). *Get Ireland Active! National physical activity plan for Ireland*. Ar fáil ar: <https://assets.gov.ie/7563/23f51643fd1d4ad7abf529e58c8d8041.pdf>

Duffy, P. (1997). *State policy on school physical education in Ireland, with special reference to the period 1960–1996*. Cill Dara: Coláiste Phádraig, Má Nuad. Ar fáil ar:

[http://mural.maynoothuniversity.ie/5160/1/Patrick\\_Duffy\\_20140707142406.pdf](http://mural.maynoothuniversity.ie/5160/1/Patrick_Duffy_20140707142406.pdf)

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. (2013). *Schools for Health in Ireland: Framework for developing a health promoting school, post-primary*. Ar fáil ar: <https://www.healthpromotion.ie/hp-files/docs/HPM00839.pdf>

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí – Seirbhís Tacaíochta. (2019). *Pleanáil don fholláine sa tsraith shóisearach: Roinnt ceisteanna coitianta*. Ar fáil ar: [https://jct.ie/perch/resources/leadership\\_ga/ceannaireacht-follin-rcc-140220.pdf](https://jct.ie/perch/resources/leadership_ga/ceannaireacht-follin-rcc-140220.pdf)

Aireacht an Oideachais, Ontario (2015). Ontario Curriculum, Grades 9 to 12: Health and Physical Education. Ar fáil ar:

<http://www.edu.gov.on.ca/eng/curriculum/secondary/health9to12.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (1999). *Curaclam na Bunscoile: Corpoideachas*. Ar fáil ar: [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/629b7d3e-6d21-4297-89ae-4667b32cfc0d/PSEC05\\_Physical\\_Education\\_Curriculum\\_gaeilge.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/629b7d3e-6d21-4297-89ae-4667b32cfc0d/PSEC05_Physical_Education_Curriculum_gaeilge.pdf)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2016). *Corpoideachas: Sonraíocht do Ghearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí*. Ar fáil ar: <https://www.curriculumonline.ie/getmedia/9b5e625f-b4a6-4c36-9a92-c33b459ed8fd/NCCA-JC-Short-Course-PE-Gaeilge.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2017). *Treoirínte le hAghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach*. Ar fáil ar: [https://ncca.ie/media/3862/wellbeing-guidelines-for-junior-cycle\\_ga.pdf](https://ncca.ie/media/3862/wellbeing-guidelines-for-junior-cycle_ga.pdf)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2018). *Creat Corpoideachais: An tSraith Shinsearach*. Ar fáil ar: [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/51010611-a4b1-4e90-9d5b-b89dc532aefa/SCPE\\_Framework-ga.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/51010611-a4b1-4e90-9d5b-b89dc532aefa/SCPE_Framework-ga.pdf)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2019). *Gearrchúrsa Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí: Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe*. Ar fáil ar: [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/4ef8ff5c-e95b-4062-b2a0-9d57c608c285/PE\\_AssessmentGuidelines\\_Feb2017\\_GA.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/4ef8ff5c-e95b-4062-b2a0-9d57c608c285/PE_AssessmentGuidelines_Feb2017_GA.pdf)

O'Sullivan, M., Moody, B., & Parker, M. (2020). *A three-legged stool: Teachers' views of junior cycle physical education curriculum change*. Luimneach: Ollscoil Luimnigh.

Údarás Cáilíochtaí na hAlban. (2012). *Physical education performance skills. National 3*. Ar fáil ar: [https://www.sqa.org.uk/files/nu/CfE\\_Unit\\_N3\\_PhysicalEducation\\_PerformanceSkills.pdf](https://www.sqa.org.uk/files/nu/CfE_Unit_N3_PhysicalEducation_PerformanceSkills.pdf)

The Ontario Curriculum Grades 9 to 12. (2015). *Health and physical education*. Ar fáil ar: <http://www.edu.gov.on.ca/eng/curriculum/secondary/health9to12.pdf>

# Aguisín A

## Ceisteanna do mhúinteoirí – agallaimh duine le duine ar an nguthán

- C 1 a) **Cén fáth** ar roghnaigh do scoil bogadh i dtreo an ghearrchúrsa corpoideachais a thairiscint?
- b) Cén chuma atá ar an bhfoghlaím sa chéad bhliain den chorpoideachas?
- c) An dtugann an tsolúbthacht sa chéad bhliain an deis chun tógáil ar thaithí foghlama roimhe seo agus aistriú éasca go dtí an gearrchúrsa sa dara agus sa tríú bliain?
- C 2 An ngabhann agus an éascaíonn **an tsonraíocht don ghearrchúrsa sa chorpoideachas** foghlaim sna rudaí is tábhachtaí do chorpoideachas na sraithe sóisearaí? I bhfocail eile, trí bheith rannpháirteach sa chúrsa seo, an bhfaigheann na scoláirí tuiscint agus an gcuireann siad luach ar fhoghlaím atá ábhartha agus tábhachtach? An mbaineann sé an aidhm sin amach? Míniú na cúiseanna a gceapann tú é sin.
- An bhfuil **aon ní in easnamh a bhfuil gá le béim a leagan air chun foghlaim a bhfuil luach uirthi a bhaint amach?**
- C 3 a) Céard mar gheall ar **phleanáil ag baint úsáid as na torthaí foghlama?** An bhfuil sé sin ag oibriú? Cén fáth a bhfuil/nach bhfuil? Céard iad na deiseanna agus na dúshláin a bhí ag do roinn ábhair nuair a d'úsáid sibh na torthaí foghlama chun pleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú?
- b) An bhfuil aon **torthaí foghlama faoi leith atá doiléir nó achrannach?** An bhfuil aon torthaí foghlama faoi leith a d'oibrigh go maith ó thaobh teagaisc, foghlama, measúnú agus tuairisciú de? Míniú na cúiseanna a gceapann tú é sin.
- C 4 Cá mhéad a chuidíonn foghlaim an scoláire sa Ghearrchúrsa Corpoideachais le scoláirí chun na **príomhscileanna** a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a fhorbairt? (seans gur freagraíodh é seo trí C 3)
- C 5 Cén t-aiseolas ar mhaith leat a thabhairt dúinn maidir le do thaithí ar thabhairt faoi na **Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna)?**
- a) Ó thaobh na scoláirí de, cén cineál taithí a bhí acu?
- b) Cén chaoi ar féidir feabhas a chur ar thaithí MRBanna?
- c) Ceist na nGnéithe Cáilíochta?

- C 6 Cén t-aiseolas atá agat ar do thaithí ar bheith rannpháirteach i **gcuinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú don Chorpoideachas?**
- C 7 Ar tháinig athrú ar **an mbealach a ndéanann tú cumarsáid agus mar a thuairiscíonn tú** ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil sa chorpoideachas do scoláirí agus do thuismitheoirí?
- C 8 Ag teacht chuig ceist na hionchuimsitheachta, dar leat, an bhfuil an cúrsa seo inrochtana agus ábhartha doscoláirí as gach cúlra agus de gach cumas/míchumas? Céard faoi scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta?
- C 9 Ar an iomlán, céard iad na **príomhbhuanna agus dúshláin** a bhain leis an gcúrsa seo a theagasc go dtí seo?
- C 10 Aon tuairim nó moladh eile?



# Aguisín B

## Ceisteanna do pháirtithe leasmhara oideachais – agallaimh duine le duine ar an nguthán

AINM: ..... Eagraíocht: .....

1. Ar thug tú faoi deara go raibh dúil ag na scoileanna bogadh i dtreo an ghearrchúrsa corpoideachais a thairiscint? Cén fáth a bhfuil/nach bhfuil?

2. Céard iad na breathnuithe atá agat i leith thaithí na múinteoirí corpoideachais ar **phleanáil ag úsáid na dtorthaí foghlama**? An bhfuil sé sin ag oibriú? Cén fáth a bhfuil/nach bhfuil? Céard iad na deiseanna agus na dúshláin a bhí ag múinteoirí aonair nó ranna corpoideachais nuair a d'úsáid siad na torthaí foghlama chun pleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú?

3. An bhfuil aon **torthaí foghlama faoi leith atá doiléir nó achrannach**?

**4. An bhfuil aon ní in easnamh nó topaicí ar cheart níos mó béime a leagan orthu?** I bhfocail eile, dá mbeadh an tsonraíocht á scríobh againn anois, an bhfuil foghlaim ar bith ar mhaith linn a chur san áireamh nó béim níos mó a leagan uirthi?

5. Cén t-aiseolas a thug múinteoirí duit maidir le scoláirí bheith **ag tabhairt faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna)**?

6 Cén t-aiseolas atá agat (má tá aon chuid agat ar) ar a dtaithe ar bheith rannpháirteach i **gcrúinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú don Chorpoideachas**? (seans nár réachtáladh iad seo roimh Covid-19)

7. Ó do chuid idirghníomhaíochtaí le múinteoirí, an dóigh leat gur athraigh an gearrchúrsa nua **an bealach a ndéanann múinteoirí measúnú agus tuairisciú** ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil sa chorpoideachas do scoláirí agus do thuismitheoirí?

8. Maidir le **hionchuimsitheacht**, an dóigh leat go bhfuil an cúrsa seo inrochtana agus ábhartha do scoláirí de gach cúlra agus cumais/míchumais? Céard faoi scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta?

9. An dóigh leat go bhfuil **a aidhm á baint amach ag sonraíocht** gearrchúrsa an corpoideachais?

*‘Tá sé mar aidhm ag gearrchúrsa an chorpoideachais an scoláire a fhorbairt mar rannpháirtí eolach, sciliúil agus cruthaitheach atá muiníneach agus inniúil chun réimse gníomhaíochtaí a dhéanamh go sábháilte. Tá d’aidhm ag an gcúrsa tuiscint scoláirí a thógáil ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil a fheabhsáíonn an tsláinte agus tiomantas a thógáil di anois agus amach anseo.’*

10. Aon tuairim nó breathnú eile maidir leis **na príomhbhuanna agus dúshláin** a bhain le gearrchúrsa an chorpoideachais a theagasc go dtí seo?

# Aguisín C:



**Short Course**  
**Physical Education**

## PE student survey

The NCCA advises the Minister for Education and Skills on the curriculum and assessment for early childhood education, primary and post-primary schools.

We are currently reviewing the PE Short Course and an important part of this review is feedback from students. We would really appreciate if you could take five minutes to fill in this survey and let us know your thoughts and experiences of studying the PE short course. Your feedback will be used in our review to inform if and how this short course might be improved.

This survey has four sections. These are related to

- the aims of the PE short course
- the strands of the PE short course
- the Classroom-Based Assessment for PE
- your overall experience of the PE short course

All questions in this survey are optional. You do not have to share any personal information with us.

The information you give us will be removed from the survey once the report on the consultation has been finalised and published. This is estimated to be by the end of December 2020. Should you require a copy of the information you have supplied to us, you will be given the opportunity to download a copy of your answers at the end of the survey after you have clicked on 'Finish'.

Should you have any questions in relation to the collection or use of data in this survey, please contact the NCCA's Data Protection Officer through [info@ncca.ie](mailto:info@ncca.ie) (<mailto:info@ncca.ie>).

Thanks so much for your feedback.

\* Required

1

What year are you in? \*

Second Year

Third Year

## Section 1 - the aims of the PE short course

2

### Question 1

The short course in physical education aims to develop students as knowledgeable, skilful and creative participants who are confident and competent to perform in a range of activities safely. The course aims to build students' appreciation of the importance of health-enhancing and inclusive physical activity and a commitment to it now, and in the future.

Having studied this short course, to what extent do you feel this aim has been achieved? Please consider the following statements:

In Physical Education class

	Not at all	Somewhat	A lot
I feel more confident	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
I feel more skilful	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
I understand what I am learning	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
I feel more creative	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
I understand the importance of health enhancing physical activity	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
I understand what inclusive physical activity is	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
I feel more committed to being physically active in the future?	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

Please use this comment box to explain your answer

## Section 2 - the strands of the PE short course

4

The short course consists of 4 strands:

Strand 1: Physical activity for health and wellbeing.

Strand 2: Games.

Strand 3: Individual and team challenges.

Strand 4: Dance and gymnastics.

	Very uninterested	Uninterested	Neither interested or uninterested	Interested	Very interested
Strand 1: Physical activity for health and wellbeing.	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Strand 2: Games. (court, invasion, striking & fielding games)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Strand 3: Individual and team challenges. (orienteering, team challenges, aquatics or athletics)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
Strand 4: Dance and gymnastics.	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

5

Use this comment box to tell us what learning experiences on the course you found most interesting

6

Are there any other learning experiences you would have liked to have had in the PE short course?

- Yes
- No

7

Please suggest the learning experiences below

### Section 3 - Classroom-Based Assessment (CBA)

8

Did you complete a PE CBA?

Yes

No

9

If yes, please rate your experience of completing the CBA

Very worthwhile

Worthwhile

Unsure

The following questions are aimed at finding out about your experience of doing the CBA. To what extent do you agree with the following statements?

Doing the CBA gave me the chance to....

	Strongly disagree	Disagree	Neither agree or disagree	Agree	Strongly agree
... be more interested in learning in PE	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
... develop a deeper understanding of the areas of learning in PE	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
... be recognised for my learning in PE - reports etc.	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
...develop skills of communication	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
...decide how I wanted to show my learning	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
...work with others to achieve a goal	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
... reflect on my learning and what it means for me	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
... show creativity	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
... show what I have learned in PE	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
... be more motivated in PE	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



11

What did you enjoy most about your CBA experience?

12

What did you enjoy least about your CBA experience?

#### Section 4 - your overall experience

13

Finally - please sum up your overall experience of the PE short course and let us know how you think it could be improved.

Thank you!



Thank you for taking the time to complete this survey

Please click 'submit' below